oifig achomhairc leasa shóisialaigh

tuairisc bhliantúil 2007

SOCIAL WELFARE
APPEALS
OFFICE

Tuarascáil an Phríomh-Oifigigh Achomhairc ar
ghníomhaíochtaí an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh i 2007

Clár

Réamhfhocal 2

Treochtaí Staitistiúla 4

Cruinnithe agus Comhairliú 10

Cúrsaí Eagraíochtúla agus Oibriúcháin 14

Imeachtaí Cúirte 17

Cás-Staidéir 18

Aguisín 1 – Cairt na hEagraíochta 26

An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: Glao Íseal 1890 74 74 34
Facs: (01) 671 8391
ríomhphost: swappeals@welfare.ie
www.socialwelfareappeals.ie

Prn. A8/0043
ISSN 1649-7309

SOCIAL WELFARE
APPEALS
OFFICE

An tUasal Martin Cullen T.D.
Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Áras Mhic Dhiarmada
Baile Átha Cliath 1

Márta 2008

A Aire,

De réir fhorálacha alt 308 (1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005, cuirim faoi do bhráid leis seo tuarascáil ar imeachtaí na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007.

Is mise, le meas,

Brian Flynn
An Príomh-Ofigeach Achomharc

Réamhfhocal

Comhlíonann an tuarascáil bhliantúil seo mo dhualgas reachtúil tuairisciú ar imeachtaí na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh i mbliain féilire 2007.

Is í feidhm m'Oifige achomhairc a chinneadh ó dhaoine atá míshásta le cinntí a rinne oifigigh cinntithe de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le teidlíocht ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus inárachaitheacht fostaíochta agus cinntí a rinne oifigigh de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le teidlíocht ar liúntais áirithe leasa forlíontach. Oifig de chuid na Roinne is ea í a bhfuil freagracht neamhspleách uirthi as achomhairc mar iad a chinneadh agus cinntí neamhspleácha is ea a dhéanann Oifigigh Achomharc.

Tugann an tuarascáil seo forléargas staitistiúil ar an obair atá ar bun againn, tomhasta trí bhíthin líon na n-achomharc a fuarthas agus na n-achomharc a tugadh chun críche i gcaitheamh na bliana, chomh maith le tráchtaireacht ar roinnt nithe a tháinig chun cinn le linn na hoibre. Gheofar inti chomh maith rogha beag de chás-staidéir a fhéachann le léiriú a thabhairt ar na ceisteanna a thagann faoi bhráid na nOifigeach Achomharc dá gcinneadh. Tá rogha níos leithne de chás-staidéir le fáil ar láithreán gréasáin m'Oifige ag www.socialwelfareappeals.ie

Táim buíoch as an tiomantas agus as an gcomhar leanúnach a fhaighim ón fhoireann ar fad agus as an tacaíocht a thugann siad dom chun mo chuid dualgas reachtúla a chomhlíonadh. Táim buíoch chomh maith den Roinnn agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as a gcomhar maidir lenár gcuid oibre.

Tá an tuarascáil seo á foilsiú i bhfoirm dhátheangach de réir na riachtanas reachtúil. Má tá rud ar bith le rá agat faoi ghné ar bith den tuarascáil seo, iarraim ort teagmháil a dhéanamh liom.

Brian Flynn
Stiúrthoir agus Príomh-Oifigeach Achomhairc

Márta 2008

cairt sreafa oibre 2007



Treochtaí Staitistiúla – 2007

Tá ár sonraí staitistiúla le haghaidh 2007 leagtha amach sa "Chairt Sreafa Oibre" roimh an tráchtaireacht seo agus i dtáblaí 1, 2, 3 agus 4.

Achomhairc a Fuarthas

Fuaireamar 14,070 cás a cláraíodh mar achomhairc i 2007, arb ionann é agus méadú 2% ar 2006. Le cois na gcásanna a cláraíodh, fuaireamar 1,426 cás eile mar a ndealraíonn sé go bhféadfadh sé nár thuig na hachomharcóirí go baileach an chúis leis an gcinneadh neamhfhabhrach maidir lena n-éileamh. Sna dálaí sin, atreoraíodh an litir achomhairc chuig an réimse scéime den Roinn lena mbaineann le hiarratas go soiléireofaí an cinneadh don achomharcóir. Cuireadh scéala chuig an achomharcóir dá réir sin agus comhairlíodh di/do sa chás go raibh siad fós míshásta leis an gcinneadh tar éis soiléiriú a bheith faighte ón Roinn go bhféadfadh sé/sí an cinneadh sin a achomharc fós chuig m'Oifig. Le linn 2007, níor cláraíodh ach 251 (18%) de na cásanna a fuarthas mar achomhairc fhoirmeálta ina dhiaidh sin.

Cineálacha Achomhair

Bhí roinnt éagsúlachtaí nár mhiste a lua i líon na n-achomharc a fuarthas sna cineálacha scéimeanna i gcomparáid le 2006. Thit achomhairc íocaíocht teaghlaigh aon-tuismitheora de 25% agus bhí méadú ar líon na n-achomharc maidir leis an liúntas míchumais (suas 12%), liúntas cúramóirí (suas 17%) agus an deontas cúram faoisimh (suas 27%).

Ualach oibre le haghaidh 2007

Ba é 19,568 an t-ualach oibre iomlán le haghaidh 2007 nuair a chuirtear na 14,070 achomharc a fuarthas in éineacht leis na 5,498 achomharc a bhí idir lámha ag tús na bliana. Bhí sé sin beagán le cois an ualaigh oibre chomhfhreagrach de 19,504 don bhliain 2006.

Achomhairc Tugtha chun Críche

Tugadh 13,845 achomharc chun críche i 2007 i gcomparáid le 14,006 i 2006 arb ionann é agus laghdú de 1%. Bhí na 13,845 achomharc a tugadh chun críche roinnte ar:

- 8,738 (63%) arna gcinneadh ag Oifigigh Achomharc – 9,100 nó 65% i 2006,
- 3,419 (25%) a réitíodh trí bhíthin cinntí leasaithe ó oifigigh cinntithe - 3,199 nó 23% i 2006, agus
- 1,688 (12%) a aistarraingíodh nó nár coinníodh leo ar chúis éigin eile - 1,707 nó 12% i 2006.

Achomhairc idir Lámha

Sháraigh líon na n-achomharc a fuarthas i 2007 líon na n-achomharc a tugadh chun críche de 225, rud a mhéadaigh líon na n-achomharc ar lámha ag deireadh 2007 go 5,723 arb ionann é agus méadú de 4%.

Torthaí Achomharc

Bhí torthaí na 13,845 achomharc a tugadh chun críche i 2007 mar seo a leanas:

- Bhí toradh dearfach ar 6,531 (47%) don achomharcóir sa mhéid is gur ceadaíodh iad ina n-iomláine, i bpáirt nó gur réitíodh iad trí bhíthin cinneadh leasaithe ó oifigeach cinntithe (46% i 2006).
- Dícheadaíodh 5,626 (41%) agus mar sin bhí toradh neamhfhabhrach acu don achomharcóir (42% i 2006).
- Aistarraingíodh 1,688 (12%) nó níor choinnigh an t-achomharcóir leo ar chúis éigin eile (12% i 2006).

Cinntí na nOifigeach Achomharc

Déiléaladh le 5,538 (63%) den 8,738 achomharc a chinn Oifigigh Achomharc i 2007 trí bhíthin éisteachtaí ó bhéal. Díobh siúd, bhí toradh fabhrach ar 2,523 (46%) i gcás an achomharcóra. Ba iad na figiúirí comhfhreagracha le haghaidh 2006 5,901 (65% den iomlán) a raibh toradh dearfach ar 2,705 (46%) díobh.

Déileáladh le 3,200 (37%) achomharc a chinn Oifigigh Achomharc i 2007 trí bhíthin cinneadh achomair. Díobh siúd, bhí toradh fabhrach ar 589 (18%) i gcás an achomharcóra. Ba iad na figiúirí comhfhreagracha le haghaidh 2006 3,199 achomharc achomair (35% den iomlán) a raibh toradh dearfach ar 535 (17%) díobh.

Achomhairc de réir Inscne

Ba iad 46% agus 54% líon na n-achomharc a fuarthas ó fhir agus ó mhná faoi seach i 2007. Sa mhéid seo, fágadh achomhairc ó aonáin chorparáideacha as an áireamh. Maidir le torthaí fabhracha, bhain 46% d'fhir agus 50% de mhná tairbhe as torthaí mar iad.

Amanna Glanta

Le linn 2007 ba é 22 seachtain an meántréimhse a thóg sé gach achomharc a phróiseáil (21 seachtain i 2006). Má fhágtar an 25% de na cásanna is faide as an áireamh, titeann an meántréimhse go dtí 14.4 seachtaine (13.8 seachtaine i 2006).

Clúdaíonn an t-am a thóg sé achomhairc a thabhairt chun críche gach céim den phróiseas nós imeachta lena n-áirítear aighneacht na Roinne maidir le forais an achomhairc, scrúduithe breise ag Measúnóirí Míochaine na Roinne i gcásanna áirithe a bhain le breoiteacht agus déanamh socruithe le haghaidh éisteachtaí béil nuair a measadh go raibh sin iomchuí. Den meántréimhse foriomlán de 22 seachtain:

- is féidir 10 seachtaine a chur síos do obair idir lámha laistigh den Roinn,
- tá dhá sheachtain ag dul do fhreagairtí a bhfuiltear ag feitheamh uathu ó achomharcóirí, agus
- is féidir 10 seachtaine a chur síos do phróisis leanúnach laistigh den Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh.

tábla 1
achomhairc a fuarthas agus a tugadh chun críche 2007

	In Progress 1-Jan-07	Receipts	Decided Appeals Officer	Revised Decision Deciding Officer	Withdrawn	In Progress 31-Dec-07
Pinsean Stáit (neamh-ranníocach)	195	347	284	87	28	143
Pinsean Stáit (Tar-ghabháil)	21	30	23	7	2	19
Liúntais Réamhscoir	8	11	6	5	3	5
Pinsean Stáit (ranníocach)	95	86	77	22	27	55
Sochar Breoiteachta	1,007	2,564	915	1,088	553	1,015
Pinsean Easláine	268	535	425	64	17	297
Liúntas Míchumais	1,127	2,938	1,269	917	568	1,311
Sochair Ghortaithe Ceirde	272	423	391	30	35	239
Sochar Cóireála	7	17	14	6	1	3
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	277	1,139	854	177	68	317
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Íocaíochtaí	576	2,296	1,853	245	93	681
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Acmhainní	322	903	636	117	90	382
Íocaíochtaí Baintrí/Baintrí Fir agus Caomhnóirí	31	31	40	4	4	14
Íocaíocht Teaghlaigh Aon-Tuismitheora	461	701	522	251	93	296
Sochar Máithreachais	9	10	14	1	0	4
Sochar Linbh	104	269	160	62	20	131
Sochar agus Liúntais do Chúramóirí	371	736	493	216	45	353
Cúram Faoisimh	166	457	328	70	4	221
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	29	92	54	23	4	40
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	32	66	45	14	8	31
Liúntais Leasa Forlíontaigh	43	323	272	0	15	79
Gaolta faoi dhliteanas (ranníocaíochtaí)	2	9	5	4	0	2
Inárachaitheacht Fostaíochta	75	87	58	9	10	85
Iomlán	5,498	14,070	8,738	3,419	1,688	5,723

tábla 2
achomhairc a fuarthas
2000 – 2007

	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Pinsean Stáit (neamh-ranníocach) agus Pinsin na nDall	558	575	433	376	328	339	413	347
Pinsean Stáit (Tar-ghabháil)	23	25	33	46	39	35	28	30
Liúntais Réamhscoir	48	32	28	24	21	23	21	11
Pinsean Stáit (ranníocach)	77	106	239	155	104	126	71	86
Sochar Breoiteachta	3,968	3,434	3,284	3,634	3,071	2,742	2,674	2,564
Pinsean Easláine	626	491	509	529	519	443	446	535
Liúntas Míchumais	1,750	1,861	1,832	2,257	2,252	2,392	2,622	2,938
Sochair Ghortaithe Ceirde	806	677	575	503	470	434	440	423
Sochar Cóireála	5	3	4	9	50	52	41	17
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	2,481	1,881	1,588	1,626	1,421	1,243	1,028	1,139
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Íocaíochtaí	2,821	2,262	1,983	1,874	1,956	2,274	2,375	2,296
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Acmhainní	1,757	1,511	1,511	1,167	907	843	848	903
Pinsin Baintrí/Baintrí Fir agus Pinsin Dilleachtaí	151	142	106	64	64	63	62	31
Íocaíocht Teaghlaigh Aon-Tuismitheora	779	762	840	1,348	1,271	1,034	931	701
Sochar Máithreachais	16	9	9	10	14	16	20	10
Sochar Linbh	50	56	46	41	324	357	236	269
Sochar agus Liúntais do Chúramóirí	1,009	1,334	1,376	812	598	586	630	736
Cúram Faoisimh	0	0	0	0	0	206	361	457
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	63	78	72	43	47	57	65	92
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	298	157	134	127	107	114	71	66
Liúntais Leasa Forlíontaigh	239	354	289	433	370	327	329	323
Gaolta faoi dhliteanas (ranníocaíochtaí)	18	117	6	7	5	12	3	9
Inárachaitheacht Fostaíochta	106	92	120	139	145	79	85	87
Iomlán	17,649	15,959	15,017	15,224	14,083	13,797	13,800	14,070

tábla 3
torthaí ar achomhairc de réir catagóire
2007

	Allowed	Partly Allowed	Revised DO Decision	Disallowed	Withdrawn	Total
Pinsean Stáit (neamh-ranníocach), agus Pinsin na nDall	65	30	87	189	28	399
Sochar Breoiteachta	475	17	1,088	423	553	2,556
Pinsean Easláine	281	8	64	136	17	506
Liúntas Míchumais	536	35	917	698	568	2,754
Sochair Ghortaithe Ceirde	184	58	30	149	35	456
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	209	31	177	614	68	1,099
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Íocaíochtaí	348	31	245	1,474	93	2,191
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Acmhainní	115	43	117	478	90	843
Pinsin Baintrí/Baintrí Fir agus Íocaíocht do Chaomhnóirí	11	1	4	28	4	48
Íocaíocht Teaghlaigh Aon-Tuismitheora	111	34	251	377	93	866
Liúntais Chúramóirí	158	26	216	309	45	754
Cúram Faoisimh	133	3	70	192	4	402
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	14	2	23	38	4	81
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	8	8	14	29	8	67
Liúntais Leasa Forlíontaigh	64	15	0	193	15	287
Inárachaitheacht Fostaíochta	8	3	9	47	10	77
Achomhairc Eile [PS(R), Liúntais Réamh-scoir, Sochar Cóireála, srl.]	41	6	107	252	53	459
Iomlán	2,761	351	3,419	5,626	1,688	13,845
	19.9%	*2.5%*	*24.7%*	*40.7%*	*12.2%*	

tábla 4
achomhairc idir lámha amhail ar an 31ú nollaig 2007

	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Pinsean Stáit (neamh-ranníocach) agus Pinsean na nDall	263	332	212	139	138	149	195	143
Pinsean Stáit (Tar-ghabháil)	12	13	18	13	15	13	21	19
Liúntais Réamhscoir	36	14	4	5	10	13	8	5
Pinsean Stáit (ranníocach)	47	72	179	117	128	90	95	55
Sochar Breoiteachta	1,676	1,522	1,374	1,272	1,068	997	1,007	1,015
Pinsean Easláine	352	272	227	234	276	260	268	297
Liúntas Míchumais	946	852	857	802	803	1,040	1,127	1,311
Sochair Ghortaithe Ceirde	489	429	358	259	306	268	272	239
Sochar Cóireála	4	0	2	2	11	23	7	3
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	682	582	432	388	360	390	277	317
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Íocaíochtaí	719	607	541	318	468	668	576	681
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta - Acmhainnní	593	392	405	268	290	347	322	382
Íocaíochtaí Baintrí/Baintrí Fir agus Caomhnóirí	113	86	62	29	31	41	31	14
Íocaíocht Teaghlaigh Aon-Tuismitheora	568	722	658	950	765	642	461	296
Sochar Máithreachais	5	3	6	4	4	8	9	4
Sochar Linbh	18	25	23	14	165	136	104	131
Sochar agus Liúntais do Chúramóirí	691	749	514	275	249	311	371	353
Cúram Faoisimh	0	0	0	0	0	69	166	221
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	40	43	31	26	25	36	29	40
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	116	52	57	61	39	65	32	31
Liúntais Leasa Forlíontaigh	50	44	42	38	65	54	43	79
Gaolta faoi dhliteanas (ranníocaíochtaí)	7	58	28	6	6	10	2	2
Inárachaitheacht Fostaíochta	110	104	126	111	103	73	75	85
Iomlán	7,537	6,973	6,156	5,331	5,325	5,703	5,498	5,723

Cruinnithe na nOifigeach Achomharc

De réir m'oibleagáidí reachtúla, tionóladh cruinnithe de na hOifigigh Achomharc in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair 2007 chun dea-chleachtas agus comhsheasmhacht cinnteoireachta a phlé. Tapaíodh an deis ag na cruinnithe sin chomh maith chun na forbairtí ba dhéanaí i ndlí riaracháin agus aon bhreithiúnais cúirte ábhartha a rinneadh le gairid a phlé. Tá ceanglas ar Oifigigh Achomharc iad féin a choinneáil suas chun dáta maidir le gnéithe ábhartha den dlí riaracháin d'fhonn a chinntiú go mbíonn an tseirbhís a chuireann siad ar fáil freagrúil i gcónaí do riachtanais na n-achomharcóirí agus do riachtanais daoine eile a úsáideann an tseirbhís. Seo a leanas achoimre de na nithe ba thábhachtaí a pléadh ag na cruinnithe sin.

Fostaíocht mhídhleathach, ÁSPS agus teidlíocht ar shochair

Tá roinnt cásanna tar éis teacht chun cinn ar achomharc ó náisiúnaithe neamh-LEE ar dícheadaíodh a n-éilimh ar shochair leasa shóisialaigh ar na forais nár chomhlíon siad na coinníollacha ábhartha a bhain le ranníocaíochtaí ÁSPC. Tháinig sé chun solais go raibh na daoine a bhí i gceist tar éis a bheith ag obair sa Stát gan ceaduithe bailí oibre. Ar bhonn comhairle dlí a fuarthas, d'áitigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go raibh an fhostaíocht i gceist mídhleathach agus nach raibh, le fírinne, aon 'chonradh fostaíochta' chun críocha dliteanais le haghaidh ranníocaíocht ÁSPC. Dá bharr sin, bhí ranníocaíochtaí ÁSPC a íocadh sna tosca sin neamhbhailí agus níor bhronn siad aon teidlíocht ar shochair leasa shóisialaigh.

D'fhéadfaí amharc ar sheasamh na Roinne mar sheasamh a bhí beagán dian, cé gur thacaig an chomhairle dlí leis, i bhfianaise na socruithe le haghaidh deonú ceaduithe oibre a bhí ann roimh Eanáir 2007 a chuir an t-ualach ar an bhfostóir iarratas a dhéanamh ar cheadú oibre agus an ceadú oibre sin a fháil. I gcásanna a tháinig chun cinn ar achomharc, ba é teip an fhostóra ceadú oibre a fháil nó a athnuachan a chothaigh fadhbanna don fhostaí. Tá an chomhairle dlí a fuair an Roinn nótáilte ag Oifigigh Achomharc agus cuirfidh siad san áireamh é agus achomhairc á gcinneadh acu mar aon le haon tosca ábhartha eile a d'fhéadfaí a thabhairt ar aird i gcomhthéacs an achoimre.

Coinníoll na Gnáthchónaitheachta

Cónaitheacht dhá bhliain

Tugadh an coinníoll gnáthchónaitheachta isteach i mBealtaine 2004 mar riachtanas cáilithe le haghaidh gach íocaíocht cúnaimh shóisialach. Tá an reachtaíocht ceaptha ar chaoi a thoimhdíonn nach mbeidh duine ina ghnáthchónaitheoir go dtí go dtaispéantar a mhalairt. Tá toimhde infhrisnéise ann go bhfuil gá le tréimhse leanúnach cónaithe (2 bhliain) sa Stát nó sa Chomhlimistéar Taistil. Tá nótáilte ag Oifigigh Achomharc go raibh oifigigh chinntithe áirithe de chuid na Roinne ag úsáid na forála cónaitheachta dhá bhliain mar an bpríomhfhoras chun socrú nach raibh iarrthóirí ina ngnáthchónaitheoirí agus ní raibh siad ag cur aon ní eile san áireamh. Tá sé ráite ag Oifigigh Achomharc nach bhfuil sa riachtanas cónaitheachta ach ceann amháin de roinnt táscairí a léiríonn go bhfuil duine ina ngnáthchónaí sa Stát ach ní fianaise dhochloíte é ann féin.

Víosaí cónaitheachta

Bronnann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí víosaí cónaitheachta "Stampa 4" agus tugann an cheart do shealbhóirí fanacht agus dul i mbun oibre sa Stát ar feadh tréimhsí de suas le dhá bhliain. An seasamh atá glactha ag Oifigigh Achomharc ná nach bhfuil sa víosa Stampa 4 ach léiriú go bhféadfadh gnáthchónaí sa Stát a bheith ar an duine chun críche leasa shóisialaigh ach nach fianaise chinntitheach é i ngach cás. Tá nótáilte ag Oifigigh Achomharc go nglacann roinnt oifigigh achomharc leis go gcomhlíonann seilbh víosa Stampa 4 coinníoll na gnáthchónaitheachta go huathoibríoch gan aon rud eile a chur san áireamh.

Neamhréireanna sa Chinnteoireacht

Tharraing mé aird i mo thuarascáil 2006 ar an ngá atá le cosaintí leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm chun comhsheasmhacht a chinntiú sa phróiseas cinnteoireachta maidir le coinníoll na gnáthchónaitheachta. Tá Oifigigh Achomharc fós ag teacht ar chásanna achomhairc ina ndearnadh cinntí a thagann salach ar a chéile i gcás éilimh ar íocaíochtaí difriúla ón duine céanna. Is í tuairim na nOifigeach Achomharc a luaithe is a chomhlíontar coinníoll na gnáthchónaitheachta i gcás íocaíocht leasa shóisialaigh amháin ba cheart go mbeadh sé comhlíonta i gcás gach íocaíochta, ar choinníoll nach dtarlaíonn aon mhórathrú i dtosca an éilitheora (amhail filleadh ar an tír thionscnaimh).

Sochar Linbh

Gnáthchónaitheacht an linbh

Faoin reachtaíocht tá sochar linbh iníoctha leis an duine (tuismitheoir de ghnáth) a bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh cáilithe léi nó leis. Is féidir le cinneadh maidir le gnáthchónaí linbh fadhbanna a chothú go minic i gcás gur

scar na tuismitheoirí agus mar a bhfuil na cúirteanna tar éis comhchúram i bpáirt a dhámhachtain. Tá ráite ag Oifigigh Achomharc go bhfuil siad faoin easpa solúbthachta sna forálacha reachtúla reatha chun déileáil leis an gcineáil seo cáis.

Sochar Linbh agus spailpíní fánacha – Reachtaíocht an AE

Tá roinnt forálacha i reachtaíocht an AE a fhéachann le teidlíochtaí slándála sóisialacha na spailpíní fánacha a chosaint. Gheofar foráil amháin mar é in Airteagal 86 (2) de rialachán 1408/71 an AE a fhorálann go bhféadfaí féachaint ar éileamh ar "sochar teaghlaigh" a rinneadh i mballstát amháin de chuid an AE, faoi réir coinníollacha áirithe, mar iarratas a rinneadh sa Stát inniúil (.i. an Stát atá freagrach as íoc an tsochair). "Sochar teaghlaigh" is ea sochar linbh faoi reachtaíocht an AE agus tagann sé faoi scóp na forála sin. De ghnáth is í tír na fostaíochta an Stát inniúil chun críocha sochair linbh agus féadfaidh sé sin fadhbanna a chothú i gcás spailpíní fánacha a bhogann idir bhallstáit. Is é cúram na n-institiúidí sna ballstáit dhifriúla dul i mbun idirchaidrimh lena chéile agus aistriú teidlíochtaí gan uaim a chinntiú.

Tá roinnt cásanna sochair linbh tar éis teacht chun cinn ar achomharc i 2007 inar chaill na teaghlaigh a bhí i gceist a dteidlíochtaí toisc nár cuireadh forálacha na rialacháin sin de chuid an AE i bhfeidhm. Tá an cheist seo tarraingthe anuas ag m'Oifig agus tá aird dírithe aici ar fhorálacha ábhartha an AE nach bhfuil clúdaithe go leordhóthanach i dtreoirlínte na Roinne. Tuigim go bhfuil na treoirlínte á dtabhairt suas chun dáta i láthair na huaire.

Ionchúiseamh coiriúil nó achomharc Leasa Shóisialaigh?

I gcás go gcuirtear fianaise nua ar fáil a léiríonn go raibh an cinneadh bunaidh maidir le héileamh ar shochar mícheart, tá cumhacht reachtúil ag oifigigh chinntithe na Roinne na cinntí sin a athcheartú. Laghdóidh cinntí athcheartaithe mar sin teidlíocht nó dícheadóidh siad éileamh go hiomlán agus is gnáthach dóibh a bheith siardhátaithe. Iarmhairt de shiardhátú cinnidh athcheartaithe is ea go socraítear ró-íocaíocht atá inaisghafa ag an Roinn ón éilitheoir. Tá ceart achomhairc chuig m'Oifig in aghaidh cinntí athcheartaithe de chuid oifigigh chinntithe. I gcás calaois thromchúiseach nó mírialtacht thromchúiseach eile, féadfaidh an Roinn imeachtaí ionchúisimh choiriúil a thionscnamh sna cúirteanna chomh maith.

Tháinig ceist chun solais i gcaitheamh na bliana cibé ar chóir tosaíocht a thabhairt don ionchúiseamh sna cúirteanna i gcomórtas leis an bpróiseas achomhairc. Tá tuairimí contrártha dlí faighte ag m'Oifig agus ag an Roinn maidir leis an bpointe seo. D'fhonn an cheist a réiteach, d'iarr m'Oifig comhairle dlí ar Oifig an Ard-Aighne a léirigh i dtuairim mhionsonraithe go bhfuil saoirse ag Oifigigh Achomharc achomhairc a éisteacht i gcásanna mar a bhfuil ionchúiseamh ar feitheamh chomh maith. Le fírinne, féadfaidh an dá phróiseas dul ar aghaidh neamhspleách ar a chéile. Cuireann an chomhairle seo deireadh le haon amhras faoin gceist agus déanfaidh m'Oifig dá réir i gcásanna dá leithéid.

Forlíonadh Cíosa – Ceantair Atógála

I mo thuarascáil don bhliain 2006, dhírigh mé aird ar ábhair bhuartha mar gheall ar bhailíocht ordúcháin a d'eisigh an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh nár cheart forlíonadh cíosa a íoc le hiarrthóirí laistigh de Cheantar Atógála Bhaile Munna nach raibh cead faighte roimh ré acu ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ar an gcomhairle dlí a fuair m'Oifig ina dhiaidh sin ón Ard-Aighne maidir leis. Tá áthas orm a nótáil go bhfuil forálacha sonracha in Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007 a chuaigh i gceann na ceiste seo trí bhíthin sriantachtaí reachtúla a chur ar íoc an fhorlíonta cíosa i gceantair atógála sonraithe.

ÁSPC agus stiúrthóirí comhlachta

Tá méadú tagtha ar líon na stiúrthóirí comhlachta atá ag lorg cinntí foirmeáilte ón Roinn maidir leis an ráta ceart ÁSPC atá iníoctha ina gcás féin .i. cibé ar cheart feidhm a bheith ag ÁSPC Aicme A (fostaithe) nó Aicme S (féinfhostaithe). Déantar agóid i gcoinne na gcinntí i gcuid mhaith de na cásanna seo agus déantar achomharc i ndeireadh na dála chuig m'Oifig, rud a mhéadaíonn ar líon agus ar chastacht na hoibre. Cúis a d'fhéadfadh a bheith leis an líon mór achomharc ná mearbhall mar gheall ar an ráta ceart d'ÁSPC atá iníoctha ag stiúrthóirí comhlachta ó thaobh a ndliteanas cánach ioncaim de. Cé go bhféachtar ar roinnt stiúrthóirí mar stiúrthóirí féinfhostaithe chun críocha ÁSPC, tá siad ar fad clúdaithe faoi fhorálacha ÁSPC na reachtaíochta cánach ioncaim mar "sealbhóirí oifige" agus tá siad incháinithe faoi chóras Sceideal E (ÍMAT) a mbíonn feidhm aige de ghnáth maidir le fostaithe. Féadfaidh mearbhall breise a bheith ann i gcásanna mar a bhfuil dhá phost ag stiúrthóir i gcomhlacht, ceann amháin mar "sealbhóir oifige" agus an ceann eile mar stiúrthóir feidhmithe mar a bhféadfadh a f(h)ostaíocht a bheith ar théarmaí atá cosúil le téarmaí fostaí. Féadfaidh deacrachtaí a bheith ann go minic sna cásanna seo maidir le cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil stiúrthóir comhlachta fostaithe faoi chonradh seirbhíse (.i. mar fhostaí) agus is minic a dhéantar agóid ar achomharc i gcoinne an chinnidh. I gcaitheamh 2007 chuir m'Oifig togra chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a d'fhéach leis na socruithe reatha a shimpliú trí gach stiúrthóir feidhmithe comhlachta a áireamh laistigh d'aicme ÁSPC A. Tuigtear go bhfuil an togra seo á bhreithniú faoi láthair sa Roinn.

Ró-Íocaíochtaí agus Calaois

Rinne mé tagairt níos luaithe don údarás atá ar fáil d'oifigigh chinntithe chun cinntí a athcheartú i gcásanna ina gcuirtear fianaise nua ar fáil a léiríonn go raibh an cinneadh bunaidh maidir leis an éileamh mícheart. Is féidir le cinntí athcheartaithe a bheith mar chúis le ró-íocaíochtaí agus i gcásanna áirithe, bíonn na cinntí athcheartaithe agus ró-íocaíochtaí mar thoradh ar chalaois, ceilt thoiliúil nó mífhaisnéis ón iarrthóir tráth déanta an éilimh bhunaidh. I gcásanna eile, féadfaidh an cinneadh athcheartaithe/ró-íocaíocht a bheith mar thoradh ar athrú i dtosca ó dháta an chinnidh bhunaidh (ach gan aon fhianaise maidir le calaois).

Tá nótáilte ag Oifigigh Achomharc go bhfuil roinnt oifigigh chinntithe ag cur forálacha "calaoise" na reachtaíochta chun feidhme i ngach cás ina bhfuil ró-íocaíocht i gceist. Cor tromchúiseach is ea é seo ag smaoineamh go bhféadfadh líomhaint calaoise a bheith mar chúis le pionóis bhreise agus fiú le hionchúiseamh coiriúil á thionscnamh ag an Roinn. Tá an t-ábhar seo curtha faoi bhráid na hOifige Chomhairleach Cinntí ag m'Oifigse agus iarradh go gcuirfí roinnt oilúina breise ar oifigigh chinntithe.

Deacrachtaí Teanga ag Achomharc

Ateangairí ag éisteachtaí achomharc ó bhéal

Treocht a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas ná go bhfuil méadú ag teacht an t-am ar fad ar líon na náisiúnach eachtrannach a úsáideanna seirbhísí m'Oifigse. Ní bhíonn a dhóthain Béarla ar a toil ag cuid de na hachomharcóirí chun iad féin a chosaint i gceart ag a n-éisteacht achomhairc ó bhéal. Mar réiteach ar an bhfadhb seo déanann m'Oifig socruithe ionas go mbeidh ateangaire i láthair chun cuidiú leis na hachomharcóirí sin. In ainneoin ár dtréaniarrachtaí, tá baol ann nach bhfeicfear go bhfuil deacrachtaí teanga ann go dtí go dtagann an t-achomharcóir chuig an éisteacht achomhairc, rud a chruthaíonn moill agus atráthuithe. Tá cabhair iarrtha agam ar an Roinn sa mhéad seo trí aon chásanna arb eol dóibh ina bhféadfadh go mbeadh gá ag an achomharcóir le seirbhísí ateangaire a aithint nuair a bhíonn comhaid achomhairc á seoladh chuig m'Oifig.

Aistriú Doiciméad

Ceann de na coinníollacha maidir le fáil sochair bhreoiteacha ná go gcaithfidh an t-éilitheoir a bheith neamhinniúil ar obair. Mar chuid dá beartas rialaithe, déanann an Roinn athbhreithnithe míochaine ó am go chéile orthu siúd atá ag fáil sochair bhreoiteachta. I gcás go bhfaightear go bhfuil duine inniúil ar obair dícheadaítear an liúntas agus tá ceart achomhairc chuig m'Oifig. I gcás éilitheora atá ag fáil sochair bhreoiteachta ach a chónaíonn i mballstát eile de chuid an Aontais Eorpaigh tá socruithe cómhalartacha ann faoinar féidir leis an ngníomhaireacht slándála sóisialaigh sa stát sin scrúdú míochaine a dhéanamh thar ceann na Roinne. I roinnt cásanna tháinig sé chun solais nár cuireadh aistriúchán iomlán ar an scrúdú míochaine eachtrannach san áireamh sna comhadpháipéir a cuireadh chuig an Oifigeach Achomharc, ionas go raibh sé an-deacair cinneadh a dhéanamh. Tá an cheist seo tarraingthe anuas ag m'Oifig leis an Roinn chun a chinntiú i ngach cás feasta go gcuirfear aistriúchán iomlán ar fáil ar gach fianaise míochaine eachtrannach agus ar gach fianaise ábhartha eile.

Cruinnithe leis an Oifig Chomhairleach Cinntí

Is í an Oifig Chomhairleach Cinntí an príomhfhóram trína ndéantar an gaol oibriúcháin idir m'Oifigse agus an Roinn a chothabháil agus a fhorbairt. I gcaitheamh 2007 díláraíodh an Oifig Chomhairleach Cinntí chuig Cara Droma Rúisc agus, dá bharr sin, rinneadh athrú iomlán ar phearsanra na hOifige sin. In ainneoin na n-athruithe sin, bhí cruinnithe rialta ag an Oifigeach Comhairleach Cinntí nua, Ms. Joan McMahon, lena foireann le linn 2007. Is iad na cruinnithe seo an príomhchreat le haghaidh aiseolais don Roinn maidir le nithe éagsúla atá tar éis teacht chun cinn i gcúrsa cásanna achomhairc. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Oifigeach Chomhairleach Cinntí agus lena foireann as a gcabhair agus a gcomhar maidir lenár gcuid oibre i gcaitheamh na bliana.

I measc na gceisteanna a pléadh leis an Oifigeach Chomhairleach Cinntí i 2007 bhí siad seo a leanas.

Ceisteanna riaracháin

I mo thuarascáil don bhliain 2006, d'aibhsigh mé roinnt de na hábhair bhuartha a léirigh Oifigigh Achomharc maidir le heasnaimh sa Roinn maidir le cinnteoireacht agus caighdeán na n-aighneachtaí achomharc. Tarraingíodh anuas roinnt saincheisteanna mar é leis an Oifig Chomhairleach Cinntí le linn 2007, lena n-áirítear: -

- easpa cinnidh fhoirmiúil ag oifigeach cinntithe,
- nach dtéann oifigigh chinntithe i gceann conspóidí achomhairc mar a éilítear faoin reachtaíocht,
- eolas neamhdhóthanach á sholáthar ag oifigigh chinntithe d'éilitheoirí maidir le cinntí neamhfhabhracha,
- cúiseanna doiléire le cinneadh oifigigh chinntithe agus gan aon fhianaise doiciméadach ag tacú leis,
- úsáid acrainmneacha, béarlagair nó téarmaí neamhaithnidiúla a chothaíonn mearbhall agus easpa soiléire,
- áit a shocraítear ró-íocaíochtaí ag éirí as cinntí athcheartaithe, nach gcuirtear in iúl sna haighneachtaí achomhairc méid na ró-íocaíochta, agus
- cur chun feidhme fhorálacha calaoise na reachtaíochta maidir le socrú ró-íocaíochta in ionad na bhforálacha neamhchalaoise i dtosca mar a mheastar gur éirigh an ró-íocaíocht mar thoradh ar fhíricí nó ar fhianaise nua atá tagtha chun solais.

Tá Oifigigh Achomharc meabhrach go bhféadfaí dúshlán a chur faoin gcuid cinntí ar deireadh san Ard-Chúirt agus go bhféadfadh easnaimh nó lochtanna ag céim na cinnteoireachta tosaigh sa Roinn an bonn a bhaint faoin bpróiseas iomlán cinntí agus achomharc.

Ag éirí as ár gcomhráite leanúnach leis an Oifig Chomhairleach Cinntí, tá roinnt tionscnamh ar bun a fhéachann leis an scéal a fheabhsú: -

1) Tá sraith nua treoirlínte nuashonraithe maidir le conas déileáil le hachomhairc réitithe ag m'Oifigse le haghaidh oifigigh chinntithe. Cuireadh iad ar aghaidh chuig an Oifig Chomhairleach Cinntí dá mbreithniú sul má scaipfear iad ar fud na Roinne. Táim sásta go mbeidh tionchar suntasach ag na treoirlínte nua ar chaighdeán na cinnteoireachta agus na n-aighneachtaí achomharc.

2) Déanfar suirbhé mionsonraithe ar na hachomhairc ar fad a fuarthas i m'Oifig le linn míonna Feabhra agus an Mhárta 2008 d'fhonn méid na bhfadhbanna agus na n-easnamh i gcomhaid achomhairc a chuirtear chuig m'Oifig a mheas agus chun bheith mar chuid den bhonn eolais faoi straitéisí oiliúna agus scaipthe eolais na Roinne.

3) Beidh oiliúint fhoirmeálta le haghaidh oifigigh chinntithe níos spriocaimsithe agus díreoidh sé ar riachtanais m'Oifige. Mar a dúradh níos déanai sa tuarascáil seo, chuidigh m'Oifig le dhá cheann déag de chúrsaí oiliúna i 2007 lena raibh 252 oifigeach cinntithe de chuid na Roinne bainteach. Leanfaimid de bheith ag cuidiú leis an Oifig Chomhairleach Cinntí ar aon bhealach is féidir chun oiliúint a sholáthar le haghaidh oifigigh chinntithe sa bhliain reatha.

Nuachóiriú ar Sheachadadh Seirbhísí – Oifig na Seirbhísí Pinsean

Aistríodh próiseáil gach éileamh ar phinsean stáit chuig ríomhchóras nua i 2006 mar chuid de chlár na Roinne um athchóiriú ar sheachadadh seirbhísí. Gné den chóras nua is ea taifeadadh leictreonach na gcinntí a thaifid oifigigh chinntithe mar chinntí páipéir roimhe seo. Bíonn fadhbanna ann nuair a thagann cásanna pinsin chun achomhairc agus níor fhreastalaíodh don riachtanas reachtas "teastas cinnidh" ó oifigeach cinntithe. Locht mór ar an bpróiseas is ea easpa cinnidh fhoirmeálta ag oifigeach cinntithe i gcásanna dá leithéid agus tá aird na hOifige Chomhairleach Cinntí dírithe air. Tuigtear go bhfuil socruithe dá ndéanamh chun cinntí páipéir fhoirmeálta a asbhaint i gcásanna a bhfuil achomhairc á ndéanamh ina leith.

An Fordheontas Ioncaim Teaghlaigh

Íocaíocht sheachtainiúil dírithe ar theaghlaigh atá ag obair ar phá íseal is ea an fordheontas ioncaim teaghlaigh. Forálann an reachtaíocht lena mbaineann go dícháileofar duine a theipeann air éileamh a dhéanamh laistigh den "am forordaithe" le haghaidh íocaíochta maidir le tréimhse ar bith roimh an dáta ar a ndearnadh an t-éileamh. Nocht cás achomhairc le déanaí mar gheall ar éileamh déanach, más ea, nár rinneadh aon rialacháin chun an "am forordaithe" inar féidir éileamh a dhéanamh a shonrú. Sna tosca, ní féidir go mbeadh feidhm ag coincheap an "éilimh dhéanaigh" maidir le scéim an fhordheontais ioncaim teaghlaigh (.i. ní féidir duine a dhícháiliú le haghaidh íocaíochta ar na forais go ndearna sé nó sí éileamh déanach). Tá an cheist curtha ar shúile na hOifige Comhairleach Cinntí.

An Deontas Cúraim Faoisimh

Íocaíocht bhliantúil is ea an deontas cúraim faoisimh a íoctar le cúramóirí a thugann aire do dhaoine atá i ngátar cúraim agus aire lánaimseartha. Déantar an íocaíocht beag beann ar acmhainní an chúramóra ach tá coinníollacha eile i gceist maidir léi. Agus Oifigeach Achomharc ag déileáil le hachomharc maidir le siaríocaíocht deontais chúraim faoisimh a dhiúltú, tháinig sé ar locht theicniúil sa reachtaíocht lena mbaineann. Cé go bhfuil teora ama maidir le héileamh a dhéanamh ar dheontas cúraim faoisimh forordaithe sna rialacháin reachtúla, níl aon tagairt don chaoi ar chóir déileáil le héilimh a dhéantar lasmuigh den teora ama reachtúil. Tá an cheist curtha ar shúile na hOifige Comhairleach Cinntí.

Acmhainní Foirne

Bhí 60 ball foirne ag obair i m'Oifig ag deireadh 2007 rud a bhí ionann le 53.8 post lánaimseartha comhionanna. Ba iad na leibhéil foirne chomhfhreagracha i 2006 61 agus 54.55 faoi seach.

Seo mar a leanas an miondealú foirne le haghaidh 2007:

1	Príomhoifigeach Achomharc	1.0
1	Leas-Phríomhoifigeach Achomharc	1.0
1	Bainisteoir Oifige	1.0
17	Oifigeach Achomharc (agus 2 jabroinnteoirí san áireamh)	16.4
3	Ardoifigeach Feidhmiúcháin (1 jabroinnt)	2.8
10	Oifigeach Feidhmiúcháin (agus 4 jabroinnteoirí san áireamh)	8.9
7	Oifigeach Foirne (agus 4 jabroinnteoirí san áireamh)	5.0
20	Oifigeach Cléireachais (agus 6 jabroinnteoirí san áireamh)	17.7
		53.8

Tá struchtúr m'Oifige leagtha amach i gCairt na hEagraíochta in Aguisín 1 leis an tuarascáil seo.

Uair amháin eile chailleamar Oifigigh Achomharc cleachtacha i gcaitheamh na bliana, duine amháin a chuaigh ar scor, duine eile a athshuíodh faoin gclár díláraithe agus an triú duine a athshannadh don Roinn. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Tony Maher, Tony Fennessy agus Georgina Kelly faoi seach as a dtiomantas dá gcuid oibre fad a bhí siad i m'Oifig agus guím gach rath orthu ar scor agus ina ngairmré amach anseo. Tá buíochas ag dul chomh maith don fhoireann riaracháin a d'fháig an Oifig i gcaitheamh na bliana.

Ceisteanna Parlaiminteacha

I gcaitheamh 2007, cuireadh 267 Ceist Pharlaiminteach síos (263 i 2006) maidir le hobair m'Oifige. Den líon sin, tugadh freagraí i nDáil Éireann ar 53 agus tarraingíodh siar an 214 eile nuair a míníodh don Teachta stádas reatha an cháis achomhairc a bhí mar ábhar leis an gCeist.

Comhfhreagras

Rinne ionadaithe poiblí 2,697 iarratas agus uiríll thar ceann achomharcóirí i 2007 (2,575 i 2006).

Saoráil Faisnéise

Fuarthas 51 iarratas foirmiúla i 2007 (49 i 2006) faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Níor bhain ach ceann amháin de na hiarratais sin le heolas neamhphearsanta.

Oiliúint

Oiliúint d'Oifigigh Chinntithe

Leis na mblianta, chuidigh m'Oifigse le hoiliúint na n-oifigeach cinntithe faoi choimirce Oifig Chomhairleach Cinntí na Roinne ar a bhfuil cúram sa réimse sin. I gcaitheamh 2007, cuidíodh le 12 cúrsa oiliúna ina raibh iomlán de 252 oifigeach cinntithe rannpháirteach. Dhírigh na léiriúcháin oiliúna sin ar ról agus ar chumhachtaí reachtúla na nOifigeach Achomharc agus tharraing aird ar lochtanna áirithe i gcinnteoireacht agus i gcomhaid achomhairc a chur faoi bhráid m'Oifige. Tá ráta athraithe mór ar chaidre na n-oifigeach achomharc i réimsí scéime na Roinne i ngeall ar chur chun feidhme leanúnach chlár díláraithe an Rialtais agus meastar go leanfaidh an scéal mar sin go ceann tamaill. Ina fhianaise sin, leanfaidh oiliúint oifigigh chinntithe nua de bheith ina riachtanas ríthábhachtach. Leanfaidh m'Oifig de gach cúnamh is féidir léi a thabhairt chun seachadta na hoiliúna sin.

Oiliúint um Fheasacht ar Éagsúlacht

Leis na hathruithe déimeagrafacha leanúnacha atá ag titim amach i sochaí na hÉireann, tá Oifigigh Achomharc á nochtadh níos mó an t-am ar fad do chultúir, do theangacha agus do thraidisiúin dhifriúla i gcúrsa a ndualgas oifigiúil. I gcaitheamh na bliana d'fhreastail gach Oifigeach Achomharc ar chúrsa maidir le feasacht ar éagsúlacht a thug saineolaí sa réimse sin. Leanfaidh mé de mo mhonatóireacht ar an ngá le hoiliúint bhreise sa réimse seo de réir mar a mheastar é a bheith riachtanach.

Oiliúint Speisialta Gar-Bhreithiúnach le haghaidh Oifigigh Achomharc

Tá Oifigigh Achomharc meabhrach gur cuid mhór í an dlí riaracháin – mar a bhaineann sé leo ina gcáil mar bhinsí riaracháin aon bhaill -- den timpeallacht gar-bhreithiúnach ina n-oibríonn siad. Tá sé de chúram orainn a chinntiú go gcuirtear oiliúint ábhartha ar Oifigigh Achomharc chun a chinntiú gur féidir leo a gcuid dualgas a chomhlíonadh i gceart.

I gcaitheamh 2007, tháinig sé chun solais san Oifig go raibh cúrsa speisialta oiliúna ceaptha ag an Institiúid um Riarachán Poiblí (IPA) a bhí dírithe go sonrach ar chathaoirligh agus ar bhaill na mbinsí gar-bhreithiúnacha. Ag féachaint don ról

gar-bhreithiúnach a fheidhmíonn ár n-Oifigigh Achomharc, mheasamar go mbeadh oiliúint dá leithéid an-ábhartha don obair a dhéanaimid agus, i ndiaidh comhrá leis an IPA, bhí ar ár gcumas clár oiliúna a shaincheapadh le seachadadh ar Oifigigh Achomharc go déanach i 2007 agus go luath i 2008. Tá gach Oifigeach Achomharc tar éis freastal anois ar an gcúrsa trí lá.

Aighneachtaí Achomharc

Dhírigh mé aird i mo thuarascáil don bhliain 2006 ar na fadhbanna atá againn de thoradh moille sa Roinn ar chomhadpháipéir ábhartha agus aighneachtaí achomharc a chur chuig m'Oifig le gur féidir achomhairc a phróiseáil. Cuireann moill dá leithéid fad sosheachanta leis an méid ama a thógann sé achomhairc a chur de láimh agus bíonn tionchar diúltach aici ar ár gcumas scothsheirbhís a sholáthar do chustaiméirí. Go luath i 2007, ghlac m'Oifig céimeanna sonracha chun an mhoill sin a laghdú agus d'éirigh leo é sin a dhéanamh. Laghdaigh líon na gcomhad amuigh ó réimsí scéime na Roinne ó mheán seachtainiúil de 1,400 in Eanáir go meán seachtainiúil de 900 faoi dheireadh na bliana, arb ionann é agus laghdú de 35%. Lena chois sin, tharla laghdú suntasach ar líon na gcásanna ba shine a bhí fós amuigh. Tá áthas orm an tsárchomhar a bhí againn leis an Roinn maidir leis an tionscnamh seo a bhreacadh síos. Leanfaimid dár monatóireacht ar an scéal i 2008 d'fhonn feabhsuithe breise a dhéanamh sa mhéid seo.

Cairt na gCustaiméirí

De réir riachtanais an Tionscnaimh um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí ar fud na státseirbhíse, d'fhoilsigh m'Oifig Cairt na gCustaiméirí a leagann amach ár ngealltanais maidir leis an leibhéal seirbhíse is fearr is féidir a sheachadadh do na mílte custaiméirí a iarrann cúnamh orainn chuile bhliain. Is féidir an Chairt a amharc ar láithreán gréasáin na hOifige www.socialwelfareappeals.ie. Scaipfear cóipeanna den Chairt ar Oifigí Áitiúla na Roinne agus ar Ionaid Eolais na Saoránach.

Óráid do Chomhdháil Bhord Eolais na Saoránach

I nDeireadh Fómhair 2007 ghlac mé le cuireadh ó Bhord Eolais na Saoránach (Comhairle roimhe seo) chun óráid a thabhairt ag a Chomhdháil Bhliantúil de Sholáthraithe Eolais a eagraíodh i dTulach Mhór. Ba é téama na comhdhála "Eolas le haghaidh Aighneachta" a bhí dírithe ar an dúshlán eolas agus seirbhís tacaíochta ar ardchaighdeán a sholáthar i dtimpeallacht mar ar gné bhuan í an t-athrú. Is í príomhfheidhm Bhord Eolais na Saoránach tacú le soláthar seirbhísí eolais, comhairle agus tacaíochta a bhaineann leis an raon leathan de sheirbhísí sóisialacha agus sibhialta.

Ba iad an lucht éisteachta don óráid soláthraithe eolais atá ag obair in Ionaid Eolais do Shaoránaigh thart timpeall na tíre agus atá suite go maith chun gníomhú mar phléadálaithe ar son daoine a thagann i láthair ag achomhairc leasa shóisialaigh. Dhírigh m'óráid ar an bpróiseas faoina n-éistear achomhairc a mhíniú, go háirithe an ról ar féidir a bheith ag soláthraí eolais sa phróiseas sin in éineacht le agus thar ceann achomharcóirí.

Ba bheag taithí a bhí ag m'Oifig le blianta beaga anuas ar ionadaithe ó Ionaid Eolais do Shaoránaigh a bheith i láthair ag éisteachtaí achomhairc agus sa mhéid sin, d'áitigh mé ar sholáthraithe eolais smaoineamh ar a bheith níos rannpháirtí sa phróiseas achomharc thar ceann a gcustaiméirí. Fiú muna mbeidís i láthair ach chun tacaíocht mhorálta a thabhairt don duine a d'fhéadfadh a bheith imeaglaithe ag an bpróiseas féin, ba mhór ab fhiú é.

Tá geallúint tugtha ag Bord Eolais na Saoránach obair leantach a dhéanamh maidir le hoiliúint bhreise a sholáthar do sholáthraithe eolais ar mian leo a bheith i láthair ag éisteachtaí achomhairc agus tá tacaíocht na hOifige ofráilte agam sa mhéid sin.

Neamhspleáchas Reachtach

Thagair mé i mo thuarascáil bhliantúil don bhliain 2005 don ghá atá le breithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas reachtach a sholáthar don Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh. Oifigigh reachtúla is ea Oifigigh Achomharc atá ceangailte le m'Oifig a thugann faoina bhfeidhm cásanna achomhairc a chinneadh ar bhealach neamhspleách, coincheap a d'fhormhuinigh na cúirteanna leis na blianta. Cé nach bhfuil neamhspleáchas na n-oifigeach reachtúil in amhras, is amhlaidh nach bhfuil aon aitheantas dlíthiúil faoi láthair, más ea, ag an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh mar aonán reachtúil ann féin.

Tarraingím an t-ábhar seo anuas arís mar go bhfuil sé riachtanach go mbeadh muinín ag daoine a bhaineann úsáid as ár seirbhís achomharc as a neamhspleáchas agus a cumas a ról a chur i gcrích go neamhspleách orthu siúd a bhí freagrach as an gcinneadh atá á achomharc. Muna bhfuil an muinín sin ann, laghdaítear agus lagaítear ról na seirbhíse achomharc. Tá ceist an neamhspleáchais reachtaigh fós á plé leis an Roinn agus tá súil agam go ndéanfar dul chun cinn sa réimse thábhachtach seo sa bhliain 2008.

Ag Féachaint Romhainn

Tionscadal Taighde

Gné amháin den bhfás sa tseirbhís phoiblí le blianta beaga anuas ná iomadú na gcomhlachtaí achomhairc a athbhreithníonn cinntí de chuid ranna rialtais, na seirbhíse sláinte, údaráis áitiúil agus gníomhaireachtaí stáit. Is minic a fheidhmíonn na comhlachtaí sin mar aonáin neamhspleácha, le nó gan tacaíocht reachtúil, agus úsáideann siad nósanna imeachta ad hoc le leibhéil éagsúla saineolais agus den chleachtas is fearr. I gcaitheamh 2007 thapaigh m'Oifig an deis intéirneacht 12 seachtaine a sholáthar do mhac léinn iarchéimí ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ba é an tasc a tugadh don mhac léinn scrúdú a dhéanamh ar na impleachtaí

le haghaidh an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh agus a róil i gcás go dtabharfar isteach oifig aonair achomharc d'fhormhór nó d'iomlán na n-achomharc seirbhíse poiblí. D'fhéachadh aonán aonair mar sin le nósanna imeachta a líomhchóiriú, costais a laghdú, cur le héifeachtacht agus le neamhspleáchas agus trédhearcacht. Bhí an staidéar le taithí idirnáisiúnta, go háirithe sa Ríocht Aontaithe agus san Astráil, a chur san áireamh chomh maith.

D'aithin an mac léinn ceithre phríomhthréith de chóras achomharc den chleachtas is fearr – luas, neamhspleáchas, simplíocht agus éifeachtacht ó thaobh costais de – agus feidhmíodh iad i gcás ceithre chomhlacht achomharc in Éirinn a oibríonn mar aonáin neamhspleácha agus i gcás dhá chomhlacht idirnáisiúnta a oibríonn mar chórais achomharc aontaithe. Go hachomair, fuair an staidéar gur scóráil na comhlachtaí achomhairc Éireannacha go maith faoi na ceannteidil de shimplíocht agus d'éifeachtacht ó thaobh costais agus scóráil na comhlachtaí idirnáisiúnta aontaithe go maith faoi na ceannteidil de luas agus neamhspleáchas. Thug an staidéar le fios go bhféadfadh roinnt córais achomhairc in Éirinn tairbhe a bhaint as tabhairt isteach struchtúr aontaithe achomharc faoina ndéanfaí comhlachtaí achomharc aonair a chónascadh faoi chomhstruchtúr riaracháin. An tátal a bhain an staidéar as, más ea, ag smaoineamh ar na teorainneacha a ghabh le hamscála an staidéir agus an easpa sonraí a bhí ar fáil ó roinnt comhlachtaí achomhairc Éireannacha, go mbeadh gá le breis taighde mionsonraithe sula bhféadfaí moltaí beartais deifinídeacha a cheapadh maidir le córas achomharc aontaithe.

Tá téacs iomlán an staidéir dar teideal "Anailís ar an réasúnaíocht le tabhairt isteach córais aontaithe achomharc in Éirinn" ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige www.socialwelfareappeals.ie Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an scoláire sin as a cuid oibre ar an tionscadal.

Dílárú

Tá m'Oifig sceidealta chun dílárú go Droichead Átha faoi chlár díláraithe an Rialtais. Bíodh is nach bhfuil aon dáta daingean socraithe don athshuí, leanfar den phleanáil riachtanach don aistriú i 2008. Tá ceannoifig na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh sceidealta le dílárú go Droichead Átha chomh maith agus san áireamh inár riachtanais phleanála tá an gá atá lenár neamhspleáchas a choimeád mar oifig atá lasmuigh de théarmaí tagartha na Roinne.

Seirbhís Phearsanta Tacaíochta

Tá údarás reachtach faighte ag m'Oifig chun achomhairc a chinneadh ó dhaoine atá míshásta leis an gcinneadh maidir lena n-iarratas ar phléideálaí pearsanta faoin tSeirbhís Aighneachta Phearsanta atá á riar ag Bord Eolais na Saoránach. Tá an tseirbhís nua seo atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas le tosú i 2008 agus beidh m'Oifig ag obair go dlúth le Bord Eolais na Saoránach chun a chinntiú gur próiseas achomharc réidh a bheidh ann.

Aistriú an Liúntais Fhorlíontaigh Leasa

Sa bhliain 2006 cheadaigh an Rialtas aistriú na scéime liúntais fhorlíontaigh leasa agus roinnt scéimeanna tacaíochta ioncaim eile ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá réamhobair ullmhúcháin riachtanach chun cinneadh an Rialtais a chur chun feidhme ar siúl i gcónaí sa Roinn agus tá m'Oifig ag ullmhú faoi chomhair na hoibre breise i dtéarmaí cásanna breise achomhairc a thiocfaidh chugainn.

Déiléalann an chuid seo den tuarascáil le cásanna ina cuireadh dúshlán sna cúirteanna faoi chinntí nó nósanna imeachta de chuid Oifigigh Achomharc.

Breithiúnas i 2007

Cúnamh Dífhostaíochta (Liúntas do lucht cuardaigh fostaíochta anois) – An Ard-Chúirt

An 10 Iúil 2007 thug an Breitheamh Ó Murchú breithiúnas san Ard-Chúirt in imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a thionscain achomharcóir a bhí ag féachaint le cinneadh de chuid Oifigeach Achomharc a dícheadaigh achomharc ar chúnamh dífhostaíochta a chur ar neamhní. D'áitigh an t-achomharcóir go raibh an éisteacht leasa shóisialaigh a reáchtáladh mí Meán Fómhair 2000 comhdheánta go míchuí sa mhéid is nár glaodh ar na measúnóirí chun suí leis an Oifigeach Achomharc agus gur comhéigníodh é chun a shíniú scríofa a thabhairt chun dul ar aghaidh ina n-éagmais.

Dhiúltaigh an Breitheamh Murphy don iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar na forais gur chuir an t-achomharcóir moill ar thionscnamh na n-imeachtaí agus, chomh maith leis sin, nár sholáthair an cás féin forais leordhóthanacha le haghaidh athbhreithiú breithiúnach.

Tá an cinneadh achomharctha ag an achomharcóir chuig an gCúirt Uachtarach.

Cásanna cúirte ar feitheamh

Stádas ÁSPC léitheoirí méadar ar conradh – An Chúirt Uachtarach

Thuairiscigh mé i 2006 gur thug an Breitheamh Gilligan breithiúnas san Ard-Chúirt mí Feabhra 2006 ag dearbhú chinneadh Oifigeach Achomharc maidir le stádas fostaíochta agus staid ÁSPC tuairim is 300 léitheoirí méadar ar conradh atá fostaithe ag Bord Soláthair an Leictreachais. Bhí cinnte ag an Oifigeach Achomharc go raibh na léitheoirí méadar ar conradh ina bhfostaithe den chuideachta agus go raibh feidhm ag ráta ÁSPC Aicme A nó J, mar ab iomchuí.

Tá fógra achomhairc lóisteáilte ag an mBord leis an gCúirt Uachtarach maidir leis an gcás seo agus táthar ag feitheamh ar fhorbairtí sa chás.

Sochar Míchumais – An Chúirt Uachtarach

Mí Mheán Fómhair 2000 chinn Oifigeach Achomharc go raibh achomharcóir "inniúil" ar obair, agus dá bhrí sin, dícheadaíodh a achomharc ar shochar míchumais (ar a dtugtar sochar breoiteachta anois). D'iarr an t-achomharcóir Athbhreithniú Breithiúnach san Ard-Chúirt maidir le cinneadh an Oifigigh Achomhairc ar fhorais éagsúla a bhain le nósanna imeachta den chuid is mó. Dhíbh an Breitheamh Roderick Murphy an t-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach i mBealtain 2004. Tá cead iarrtha ag an achomharcóir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach agus tá dáta socraithe le haghaidh éisteacht na Cúirte Uachtaraí go luath i 2008.

Cúnamh Dífhostaíochta (Liúntas do lucht cuardaigh fostaíochta anois) – An Ard-Chúirt

Ní raibh aon fhorbairt eile i dtaca le himeachtaí iomlánacha in aghaidh an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a thóg iarrthóir ar dícheadaíodh a éileamh ar chúnamh dífhostaíochta ar na forais nach raibh sé "dífhostaithe" fad a bhí sé ag freastal ar chúrsa oideachais. Ní raibh an próiseas achomharc leasa shóisialaigh tugtha chun críche nuair a tionscnaíodh na himeachtaí Ard-Chúirte. Tá na himeachtaí á dtionscnamh ar roinnt foras a bhaineann le nósanna imeachta go príomha agus tá cosaint iomlán comhadaithe.

cás-staidéir de chinntí oifigigh achomharc

Gheofar sa chuid seo den tuarascáil rogha cás-staidéar a shoiléireoidh an próiseas faoin gcinntear achomhairc, cibé trí bhíthin cinneadh achomair nó i ndiaidh éisteacht ó bhéal. Tá an bunús le cinneadh an Oifigigh Achomharc sracrianaithe i ngach cás mar is amhlaidh i gcás ceisteanna i dtaca le forálacha reatha reachtacha nó riachtanais na cheartais aiceanta agus na nósanna imeachta cothroma.

Tá rogha níos leithne de chás-staidéir ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.socialwelfareappeals.ie

Fordheontas Ioncaim Teaghlaigh

An tSaincheist: Cibé ar féidir uaireanta a oibríodh le cois uaireanta conraithe a chur san áireamh chun críocha an fhordheontais ioncaim teaghlaigh.

Cúlra: Dícheadaíodh éileamh an achomharcóra ar fhordheontas ioncaim teaghlaigh ar na forais nár oibrigh sé íosmhéid de 19 uair sa tseachtain / 38 uair sa choicís. Múinteoir páirtaimseartha is ea é atá fostaithe ar conradh ar feadh 11 uair sa tseachtain. Maíonn sé go bhfuil uaireanta breise le cois na n-uaireanta ar conradh i gceist lena chuid oibre agus gur cheart iad a chur san áireamh chun críche cáiliú le haghaidh an fhordheontais ioncaim teaghlaigh.

Éisteacht ó bhéal: Bhí an t-achomharcóir i láthair ina aonar. Bhí an t-oifigeach cinntithe agus ionadaí ón gCoiste Gairmoideachais lena mbaineann i láthair chomh maith.

D'áitigh an t-achomharcóir gurb ionann an 11 uair an chloig a d'oibrigh sé gach seachtain agus an t-am a chaith sé os comhair daltaí. Níor áiríodh air sin an t-am breise a chaith sé ag ullmhú ranganna agus ag ceartú obair. Bhraith sé go raibh sé míchothrom amharc air mar dhuine nár oibrigh ach 11 uair sa tseachtain. Rinne an t-oifigeach cinntithe tagairt don staid reachtach .i. go bhfuil teidlíocht ar fhordheontas ioncaim teaghlaigh bunaithe ar líon iarbhír na n-uaireanta íoctha a oibrítear agus nach dtógtar cuntas d'uaireanta breise neamhíoctha. Dhearbhaigh ionadaí an Choiste Gairmoideachais go raibh an t-achomharcóir fostaithe ar chonradh 11 uair sa tseachtain agus nárbh eol di aon liúntas a íocadh ar son obair a ullmhú / a cheartú. Mhol sí eolas breise a lorg ón Roinn Oideachais, dá mbeadh gá leis.

Breithniú an Oifigigh Achomharc: I ndiaidh fiosruithe a rinne an tOifigeach Achomharc, dheimhnigh an Roinn Oideachais go raibh múinteoirí páirtaimseartha conraithe chun idir 11 agus 22 uair an chloig a oibriú sa tseachtain agus nach bhfuil rud ar bith sa chonradh a éilíonn orthu aon am breise a oibriú lasmuigh de na huaireanta conraithe. Ina theannta sin, níl rud ar bith sa chonradh a thabharfadh le fios go raibh gá le hobair bhreise chun na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leis na huaireanta conraithe riachtanacha a chomhlíonadh. Níor sholáthair an t-achomharcóir aon fhianaise go raibh iachall air na huaireanta breise a mhaígh sé a oibriú nó go mbeadh a chonradh á shárú aige dá dteipfeadh air sin a dhéanamh.

I bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, chinn an tOifigeach Achomharc go raibh iachall ar an achomharcóir líon na n-uaireanta conraithe a oibriú agus é sin amháin agus gur faoina rogha féin a bhí aon obair bhreise a rinne sé le cois na n-uaireanta sin.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc.

Pinsean Stáit (Neamhranníocaíoch)

An tSaincheist: Cibé an bhfuil aois pinsin sroichte ag an achomharcóir in éagmais teastas breithe, chun críche pinsean stáit (neamhranníocaíoch) a éileamh.

Cúlra: Dícheadaíodh éileamh an achomharcóra ar phinsean stáit ar na forais nach raibh ar a chumas fianaise dá aois a sholáthar.

Éisteacht ó bhéal: Bhí an t-achomharcóir i láthair ina aonar. Bhí Cigire Leasa Shóisialaigh agus oifigeach de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i láthair chomh maith.

Ar dtús, shoiléirigh an tOifigeach Achomharc an cheist a bhí os a comhair, is í sin, cibé an raibh aois pinsin sroichte ag an achomharcóir chun críche a éilimh ar phinsean.

Thug an t-achomharcóir srac-chuntas ar a chúlra ag léiriú gur saolaíodh agus gur tógádh é san Áise, gur tháinig sé don Ríocht Aontaithe 40 bliain nó mar sin ó shin agus gur tháinig sé chun cónaí in Éirinn i 1978. Goideadh a phas go gairid tar éis dó teacht chun na tíre seo. Dúirt oifigeach na FSS go raibh sí i dteagmháil len a Ambasáid d'fhonn teastas breithe a fháil don achomharcóir ach gur dúradh léi go mbeadh pas reatha uaidh le teastas breithe a fháil. D'fhonn pas reatha a fháil, bheadh teastas breithe uaidh. Dá bhrí sin, bhí sí i gafa i riocht "Sáinn 22" maidir lena dhoiciméadú.

Chuir an Cigire Leasa Shóisialaigh cóip de chomhairle dlí ó Oifig an Ard-Aighne faoi bhráid an Oifigigh Achomharc, a dúirt gurb í an fhianaise ab fhearr de dháta breithe ná teastas breithe agus nach raibh oibleagáid glacadh le mionnscríbhinní faoi mhionn mar chruthú ar dhátaí breithe.

Nótáil an tOifigeach Achomharc gur bronnadh pas saorthaistil ar an achomharcóir ag an Roinn (ar fáil de ghnáth do dhaoine in aois 66 bliain nó os a chionn) agus leis sin gur ghlac FSS an dáta breithe a thug sé chun críche éileamh ar liúntas leasa forlíontach.

Breithniú an Oifigigh Achomharc: Shoiléirigh an tOifigeach Achomharc an cás maidir leis an gcinneadh foirmiúil sa chás seo ag léiriú gur ceist le haghaidh chinneadh an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, faoin reachtaíocht reatha, cad é an doiciméadú a d'fhéadfadh a bheith de dhíth mar chruthú ar aois, agus nach feidhm iomchuí í le haghaidh oifigeach cinntithe nó Oifigeach Achomharc. Ag smaoineamh, más ea, gur cuireadh an cheist faoi bhráid na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh dá mbreithiúnas, mheas an tOifigeach Achomharc gurb í an cheist a bhí le cinneadh sa chás seo ná cibé an raibh aois pinsin sroichte ag an achomharcóir chun críche cáiliú le haghaidh pinsean stáit.

Nótáil an tOifigeach Achomharc an chomhairle a fuarthas ó Oifig an Ard-Aighne ach ba é an tátal a bhain sé as ná, cé gur soiléir go mbeadh teastas breithe inmhianaithe, níor fhág an chomhairle as an áireamh glacadh le mionnscríbhinní faoi mhionn nó le fianaise ábhartha eile in éagmais an teastais bhreithe oifigiúil. Nótáil an tOifigeach Achomharc chomh maith gur ghlac FSS le dáta breithe i gcomhair an achomharcóra chun críche a íocaíochtaí liúntais leasa forlíontaigh a thabharfadh le fios go raibh sé in aois pinsin. Mheas sí ó na haighneachtaí scríofa ar an gcomhad agus ón bhfianaise ó bhéal tugtha ag an éisteacht achomhairc go raibh FSS sásta faoi bona fides an achomharcóra. Lena chois sin, bhí Oifig Seirbhísí Pinsean na Roinne tar éis pas saorthaistil a eisiúint don achomharcóir ar an mbonn go raibh an aois ábhartha sroichte aige. Ag féachaint do na tosca sin agus ag tógáil i gcuntas cur i láthair a cháis ag an achomharcóir agus an chuma aosta a bhí air i gcoitinne, bhí sí sásta go raibh aois pinsin sroichte aige.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Pinsean Stáit (Neamhranníocaíoch)

An tSaincheist: Cibé ar chóir achomharcóir a mheasúnú le hacmhainní a dhíorthaigh ó pholasaí árachais iníoctha le páistí a mhná.

Cúlra: Bhí an t-achomharcóir ag fáil pinsean stáit (neamhranníocaíoch). Thuairiscigh sé athrú ina thosca don Roinn agus, i ndiaidh athbhreithniú ar a acmhainní ag Cigire Leasa Shóisialaigh, measúnaíodh é le hacmhainní ó luach maoine agus lena chois sin caipiteal ó pholasaí árachais saoil iníoctha le páistí a mhná. Sháraigh a acmhainní seachtainiúla an ráta seachtainiúil pinsin iníoctha ina chás agus, dá bharr sin, dícheadaigh oifigeach cinntithe a éileamh.

Éisteacht ó bhéal: Bhí an t-achomharcóir i láthair in éineacht lena bhean agus bhí an Cigire Leasa Shóisialaigh i láthair chomh maith.

Thug an Cigire Leasa Shóisialaigh srac-chuntas ar a tuairiscí sa chás. I ndiaidh athbhreithniú ar acmhainní an achomharcóra tar éis dó teagmháil a dhéanamh leis an Roinn chun athrú ina thosca a thuairisciú, measúnaíodh é le hacmhainní ó ligean talún ar cíos agus caipiteal a bhí i gcuntas in ainm an achomharchóra agus in ainm a mhná. Tháinig an caipiteal i gceist mar thoradh ar shocraíocht airgid a íocadh le leanaí bhean an achomharcóra óna céad pósadh. Bhásaigh athair na bpáistí i dtimpiste bóthair agus infheistíodh an caipiteal a fuarthas mar chúiteamh. Charn an caipiteal in imeacht na mblianta agus coimeádadh é i dtús báire in ainm na mná amháin ach níos déanaí cuireadh ainm an achomharcóra ar

an gcuntas mar réamhchúram. Bhí an Cigire Leasa Shóisialaigh sásta mar gheall ar bona fides an chaipitil, nár bhain an t-achomharcóir ná a bhean úsáid phearsanta as in imeacht na mblianta ó níor aistarraingíodh aon chuid de, agus ar bhonn na fianaise a soláthraíodh gur aistríodh é ó shin chuig beirt iníonacha na mná. Ó bhí an caipiteal in ainm an achomharcóra, más ea, ní raibh aon rud a choisceadh é ó úsáid a bhaint as agus mar sin, bhí sé inmheasta mar acmhainní. Lean an t-oifigeach cinntithe, más ea, den chaipiteal a mheasúnú in aghaidh an achomharcóra leis an toradh gur fhan a acmhainní níos airde ná an teorainn chun críocha pinsin.

Mar fhreagra, dheimhnigh an t-achomharcóir agus a bhean na fíricí mar ar shrac-rianaigh an Cigire iad agus dúirt nach raibh aon fhadhb acu maidir leis an measúnú acmhainní ina leith ach amháin maidir leis an gcaipiteal. Mhaígh bean an achomharcóra nár bhain an t-airgead i gceist léi féin, nár bhain sí féin ná an t-achomharcóir úsáid as riamh chun críocha pearsanta, fiú nuair a bhí an saol dian orthu i rith na mblianta, agus go raibh sí díreach ag coimeád an airgid faoi iontaobhas dá hiníonacha. Cuireadh ainm an achomharcóra leis an gcuntas mar réamhchúram dá dtarlódh rud ar bith di féin. Dúirt sí chomh maith go raibh a hiníonacha sna tríochaidí anois agus go raibh siad in aois ina mbainfidís úsáid stuama as an airgead. Sholáthair sí gníomhas aistrithe ar aistríodh an t-airgead chuig a hiníonacha faoina théarmaí gan aon forchoimeád i bhfabhar an achomharcóra nó a mhná. An t-aon rud a spreag í ná an rud a bhain go cuí lena hiníonacha a thabhairt dóibh ag am ina saoil nuair a bhainfidís an tairbhe ba mhó as.

Breithniú an Oifigigh Achomharc: Bhreithnigh an tOifigeach Achomharc an cás faoi fhorálacha na reachtaíochta lena mbaineann a deir go mbeidh aon mhaoin a bhaineann leis an duine ríofa ar an mhodh forordaithe mar acmhainní seachtainiúla an duine. Bhí sé den tuairim, cé go raibh sé ráite ag an achomharcóir nárbh é úinéir an chaipitil, go raibh sé i gcomh-chuntas agus dá bhrí sin nach raibh aon teorainn dhlíthiúil ar an achomharcóir ná a bhean maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an gcaipiteal. Bhí siad saor leis an airgead a úsáid faoina rogha féin agus dá bhrí sin, d'fhéadfaí amharc orthu mar úinéirí dlíthiúla an airgid. Rogha pearsanta dá gcuid ab ea é breathnú ar an gcaipiteal mar airgead a bhain leis na hiníonacha agus, mar sin, cinneadh ceart a bhí sa chinneadh an caipiteal a mheasúnú mar acmhainní in aghaidh an achomharcóra.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomharc ansin cinneadh an oifigigh chinntithe leanúint den chaipiteal a mheasúnú mar acmhainní tar éis gur aistríodh é chun leasa na beirte iníonacha. Forálann an reachtaíocht ábhartha nach féidir leanúint de chaipiteal a mheas i dtosca mar iad ach má mheastar gur dhiúscair an t-achomharcóir an caipiteal chun cáiliú do phinsean. Bhreithnigh an tOifigeach Achomharc an fhianaise ar fad os a chomhair agus bhí sé sásta nárbh in an cás. Sna himthosca sin, fuair sé nach raibh aon fhorais do mheasúnú leanúnach an chaipitil i ndiaidh dáta an aistrithe go dtí na hiníonacha.

Go hachomair, chinn an tOifigeach Achomharc go raibh acmhainní an achomharcóra os cionn na teorainneacha forordaithe le haghaidh na tréimhse ina raibh an caipiteal i gcomhchuntas ach nár chóir acmhainní ón gcaipiteal a chur san áireamh i ndiaidh dáta an aistrithe.

Toradh: Achomharc ceadaithe i bpáirt.

Sochar Míchumais

An tSaincheist: Cibé ar cheart éileamh an achomharcóra ar shochar míchumais faoin scéim sochair do ghortuithe ceirde a dhícheadú ar na forais nár tharla an timpiste a bhain dó mar thoradh ar agus i gcúrsa a fhostaíocht inárachais..

Cúlra: Bhí an t-achomharcóir fostaithe go hinárachais mar mharcach amaitéarach. D'fhreastail sé ar chruinniú rásaíochta ag a raibh sé le dul i mbun marcaíochta ar son a fhostóra. Roimh rás an fhostóra, ghlac sé le 'marcach teagmhasach' le haghaidh úinéara eile. Bhain tuisle dó agus gortaíodh go dona é. Tá sé i gcathaoir rotha anois. Dhiúltaigh a fhostóir foirm thimpiste a chomhlánú ar a shon maidir le sochar míchumais ós rud nach raibh an marcach ag marcaíocht ar a shon nuair a tharla an timpiste agus ní raibh sé ag gníomhú ar theagasc uaidh. Dícheadaíodh an t-éileamh ina dhiaidh sin ar na forais nár éirigh an timpiste as agus i gcúrsa a fhostaíocht inárachais.

D'achomharcaigh an t-achomharcóir in aghaidh an chinnidh. Cinneadh é ar bhonn achomair agus sheas an tOifigeach Achomharc le cinneadh an oifigigh chinntithe. Agus é ag teacht ar a chinneadh, tógadh cuntas de theip an fhostóra an fhoirm timpiste ábhartha a chomhlánú agus tuairisc an Chigire Leasa Shóisialaigh a mhol go bhfuair an marcach an mharcaíocht eile i ngan fhios dá fhostóir agus dá réir sin ní raibh sé ag gníomhú faoi theagasc an fhostóra.

I ndiaidh an chinnidh achomair, cuireadh páipéir eile i láthair ag an bhfostóir a léirigh go raibh an t-achomharcóir i mbun gníomhaíochta údaraithe agus/nó ceadaithe chun críche a chuid oibre. Chomhlánaigh an fhostóir an fhoirm timpiste lena mbaineann. Fuarthas uiríll chomh maith ó oibrí soisialta an achomharcóra a phléigh an cás leis an bhfostóir. I gcaitheamh an chomhrá sin, léirigh an fostóir go raibh spreagadh gníomhach tugtha

aige don achomharcóir glacadh le marcaíochtaí breise gach uair dá bhféadfadh sé.

I bhfianaise na fianaise breise a cuireadh isteach, athosclaíodh an cás trí bhíthin éisteacht ó bhéal.

Éisteacht ó bhéal: Bhí an t-achomharcóir i láthair in éineacht lena mháthair agus a fhostóir. Bhí an t-oifigeach cinntithe agus beirt Chigirí Leasa Shóisialaigh ón Roinn i láthair chomh maith.

Agus a fhianaise á tabhairt aige, dúirt an fostóir nár léiriú iomlán ar a sheasamh tuaraisc an Chigire Leasa Shóisialaigh a chuir in iúl gur dhiúltaigh sé an fhoirm éilimh ábhartha le haghaidh sochar míchumais a chomhlánú. Dúirt sé, dá mba rud é go raibh sé ag an gcruinniú rásaíochta i gceist, go spreagfadh sé an t-achomharcóir chun an marcaíocht teagnhasach a ofráileadh dó a thógáil ó chuireadh sé lena thaithí agus rachadh sé chun tairbhe dó. Rinne sé soiléir é chomh maith nár chuir sé cosc ar an achomharcóir riamh marcaíochtaí teagmhasacha a thógáil agus, dá bhrí sin, ní raibh an marcach ag gníomhú in aghaidh a theagaisc ar an ócáid seo. Bhí an tuairim aige gur dhiúltaigh sé an fhoirm shochar breoiteachta a chomhlánú ar dtús toisc gur mheas sé nach raibh sé bainteach le hábhar ag smaoineamh nach raibh an t-achomharcóir ag marcaíocht ar a theagasc 'díreach' nuair a tharla an timpiste. Bhí an fhoirm ábhartha comhlánaithe aige ó shin.

Dúirt an t-oibrí sóisialta gur thug eolas a bhí aige ón Irish Turf Club le fios gurb é glacadh le marcaíochtaí teagmhasacha an bealach ina bhfuair marcaigh taithí agus ina ndearna siad dul chun cinn ina ngairmeacha. Páirt nádúrtha d'fhorchéimniú ghairmré an mharcaigh a bhí ann.

Iarradh a thuairim ar an oifigeach cinntithe i bhfianaise na fianaise a sholáthair an fostóir agus an t-oibrí sóisialta. Bhreithnigh sé go raibh forais ann chun an t-achomharc a cheadú, ach ó bhí an cás os comhair Oifigeach Achomharc, bhraith sé nach raibh sé de rogha aige a chinneadh bunaidh a athcheartú.

Breithniú an Oifigigh Achomharc: Agus tosca an cháis seo á mbreithniú aige, bhí os a chomhair ag an Oifigeach Achomharc fianaise ó bhéal ón bhfostóir agus tuairim oifigeach cinnithe na Roinne. D'fhéach sé chomh maith do chinneadh Choimisinéirí Achomharc na Ríochta Aontaithe a bhraith sé a bhain le hábhar. Bhain an cás le hoibrí feirme a gortaíodh agus é ag cabhrú le meicneoir bonn a dhílódáil. Fad a bhí an t-oibrí feirme ag feitheamh go ndeiseofaí innealra a fhostóra, chuaigh sé chun cabhrú le meicneoir a bhí ag dílódáil bonn tarracóra agus gortaíodh é lena linn. An toradh ná gur measadh nár tharla aon chur isteach ar an bhfostaíocht, nár neamhréasúnta an gníomh don oibrí dul i gcabhair ar an meicneoir i bhfianaise na fostaíochta a bhí i gceist agus go raibh sé teagmhasach do agus laistigh de scóp a fhostaíochta. Measadh, dá réir sin, gur tharla an timpiste i gcúrsa na fostaíochta.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomharc an fhianaise os a chomhair agus bhí sé den tuairim gur ghnáthchleachtas i saol an mharcaigh is ea é marcaíochtaí teagmhasacha a ghlacadh agus nach mímhisnítear é. Dá bharr sin, d'fhéadfaí amharc ar ghlacadh na marcaíochta teagmhasaí mar rud a tháinig laistigh de scóp na fostaíochta agus a bhí teagmhasach di. D'athcheartaigh sé an cinneadh achomhair, dá bhrí sin, agus cheadaigh an t-achomharc.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Íocaíocht Teaghlaigh Aon Tuismitheora

An tSaincheist: Cibé ar cheart éileamh an achomharcóra ar íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora a dhícheadú ar na forais go raibh sí ina cónaí in aontíos, rud a chiallódh ró-íocaíocht.

Cúlra: D'éiligh agus fuair an t-achomharcóir an ráta ab airde den íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora ó 1991. Athbhreithníodh a héileamh i 2001 agus arís i 2005. Thuairiscigh an Cigire Leasa Shóisialaigh a rinne an t-athbhreithniú go raibh cuntas SSIA ag an achomharcóir tar éis di a shéanadh ar dtús go raibh a leithéid de chuntas aici. Tháinig ceist an chónaí in aontíos chun cinn chomh maith ó bhí ainm iarpháirtí an achomharcóra ar an measúnú cíosa. Nuair a fiafraíodh di cén chúis a bhí leis sin, d'fhreagair an t-achomharcóir gur iarr sí ar an gComhairle a ainm a bhaint ach, ó theip air fianaise maidir le seoladh nua a sholáthar don Chomhairle, d'fhan méid an chíosa gan athrú. Nuair a fiafraíodh di an chúis go raibh sí ag íoc méid iomarcach cíosa, níor thug sí freagra ar bith. Shéan sí go raibh aon chineál fostaíochta aici agus dúirt go raibh roinnt obair dheonach déanta aici agus iarradh uirthi fianaise dhoiciméadach a sholáthar maidir léi.

Ba é an tátal a bhain an Cigire Leasa Shóisialaigh as ar na forais nár éirigh leis an achomharcóir a chruthú nach raibh ceist cónaí in aontíos le freagairt aici níor chomhlíon sí na coinníollacha a thuilleadh d'fháil na híocaíochta teaghlaigh aon tuismitheora. Roimh cinneadh a thabhairt ar an gcás, d'iarr an t-oifigeach cinntithe mionsonraí na tionachta ón gComhairle agus dúradh leis go raibh ainm iarpháirtí an achomharcóra san áireamh ar an measúnú cíosa ach nach raibh sé ar an gcomhaontú tionachta. Bhí fianaise curtha ar fáil ag an achomharcóir nach raibh

sé ina chónaí níos mó ag an seoladh ach mheas an Chomhairle nár leor an fhianaise agus d'fhan an cíos gan athrú.

Scríobh an t-oifigeach cinntithe chuig an achomharcóir ag tabhairt srac-chuntas ar an gcás a bhí os a comhair le cinneadh agus ag iarraidh uirthi aon tuairim uaithi a thabhairt sula ndéanfaí cinneadh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ón achomharcóir. Dá bharr sin, dícheadaíodh an t-éileamh agus measúnaíodh ró-íocaíocht in aghaidh an achomharcóra.

Fuarthas litir achomhairc ó dhlíodóirí an achomharcóra ag áiteamh gur theip ar an oifigeach cinntithe cuntas a thógáil de na tosca agus den fhianaise ar fad agus an cinneadh á dhéanamh aici. De bhun na litreach sin, chuir an t-oifigeach cinntithe an cás ar aghaidh arís le haghaidh athbhreithnithe ag an gCigire Leasa Shóisialaigh. Thuairiscigh an Cigire gur sheachaid sí litir de láimh chuig an achomharcóir ag iarraidh uirthi ráiteas mionsonraithe cuntais SSIA a sholáthar mar aon le litir a dheimhneodh a hobair dheonach. Fuarthas litir maidir leis an obair dheonach agus teastais bhreithe maidir leis an mbeirt pháistí ba shine ag an achomharcóir. Fuarthas níos déanaí gur leasaíodh na teastais bhreithe le déanaí chun ainm an iarpháirtí a chur orthu mar athair toimhde an dá pháiste agus ag tabhairt a shloinne dóibh. Theip ar an achomharcóir an ráiteas mionsonraithe cuntais SSIA a sholáthar faoi mar a iarradh é.

Éisteacht ó bhéal: Bhí an t-achomharcóir i láthair i gcuideachta a dlíodóra. Bhí an t-oifigeach cinntithe agus beirt Chigirí Leasa Shóisialaigh ón Roinn i láthair chomh maith.

Maidir leis an measúnú ar chíos na tionachta, dúirt an t-achomharcóir gur sheol sí litir chuig an gComhairle i 2001 ag cur in iúl doibh go raibh a hiarpháirtí tar éis bogadh amach. Dúirt sé nár chónaigh sé léi ach ar feadh idir 4 agus 6 seachtaine tar éis bhreith a n-iníne. Dúirt sí gur sholáthair sí cóip de theastas breithe a hiníne don Chomhairle a thug an seoladh céanna dósan is a bhí aici féin, agus mar sin, cuireadh san áireamh é ar an measúnú cíosa. Dúirt sí gur iarr an Chomhairle cruthú go raibh sé tar éis bogadh amach, dála bille fóntais le haghaidh seoladh eile, ach bhí sé ina chónaí i gcóiríocht ar cíos, agus níorbh fhéad sé sin a dhéanamh. Dúirt sí gur chuir sí glao ar an gComhairle ar ócáidí éagsúla chun laghdú a lorg sa chíos, ach gan aon toradh. Fiafraíodh den achomharcóir an bhféadfadh sé aon fhianaise eile a sholáthar a bheadh inghlactha don Chomhairle, amhail ráiteas bainc nó ceadúnas tiomána, ach níorbh eol di arbh fhéidir.

Maidir le cuntas SSIA an achomharcóra, d'áitigh an t-oifigeach cinntithe gur theip ar an achomharcóir sonraí iomlána an chuntais a sholáthar faoi mar a iarradh é ar roinnt ócáidí. Mar thoradh air sin, ní fhéadfaí sonraí an chuntais a bhunú, amhail cén t-ainn nó cé na hainmneacha a bhí ar an gcuntas. Léirigh dlíodóir an achomharcóra gur fhreagair sé iarratas ar shonraí an chuntais SSIA. D'áitigh an t-oifigeach cinntithe nárbh ionann an rud a soláthraíodh, eadhon, iarmhéid an chuntais, agus an rud a iarradh. Dúirt an dlíodóir dá mba rud é nárbh ionann an rud a soláthraíodh agus an rud a iarradh, go mbeadh súil aige le comhfhreagras breise ina thaobh sin ón Roinn. Dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh cuntas SSIA aici ina hainm féin. Dheimhnigh a dlíodóir nach féidir cuntais mar iad a chur i gcomh-ainmneacha. Nótáladh gur léirigh cuntas bainc an achomharcóra íocaíocht mhíosúil de €200 isteach sa chuntas SSIA. Dúirt sí go raibh sí ag cur an airgid i dtaisce dá hiníon. Dúirt sí go raibh cothabháil de idir €25 agus €50 sa tseachtain á fáil aici óna iarpháirtí.

Maidir leis na teastais bhreithe leasaithe, dúirt an t-achomharcóir nárbh é a hiarpháirtí athair nádúrtha an dá pháiste ba shine aici. Bhí a ainm san áireamh ar na teastais bhreithe faoi seach ó d'aontaigh sé go nglacfadh sé freagracht as na triúr páistí agus theastaigh uaithi go mbeadh an sloinne céanna ag na páistí ar fad aici. D'admhaigh an t-achomharcóir gur bhog a páirtí isteach léi arís ar feadh idir 4 agus 6 seachtaine i 2000 agus níor chuir sí é sin in iúl don Roinn ag an am. Níor éirigh leo réiteach le chéile agus shocraigh an t-achomharcóir gur chóir dó bogadh amach. Dúirt sí nár chónaigh sé léi ó shin.

Ceistíodh an t-achomharcóir maidir leis an gcúis ar chuir sí a leabhar íocaíochta ar ais i 2006 á rá go raibh fostaíocht faighte aici nuair a thaispeáin taifid na Roinne nár thosaigh sí ar an bhfostaíocht go dtí cúpla mí níos déanaí. D'fhreagair sí go raibh timpiste ag an dara páiste aici agus nár fhéad sí leanúint den obair. Dúirt sí nach ndearna sí athiarratas ar íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora toisc nach gceadódh a muintir di agus go raibh siad ag cabhrú chun í a chothú ag an am sin. Fuair sí roinnt cúnaimh óna hiarpháirtí chomh maith.

Breithniú an Oifigigh Achomharc: Tar éis an fhianaise ar fad a bhí ar fáil a bhreithniú, agus an fhianaise a tugadh ag an éisteacht ó bhéal san áireamh, bhreithnigh an tOifigeach Achomharc go raibh ceist mhór inchreidteachta maidir le fianaise an achomharcóra. Bhí sé sásta ón bhfianaise go raibh teagmháil fhada ag an achomharcóir agus a páirtí le hocht mbliana anuas agus go raibh sé san áireamh ina líon tí chun críocha cíos an údaráis áitiúil ar feadh roinnt blianta. Ón méid a d'admhaigh sé féin, is é athair an pháiste is óige ag an achomarcóra é, agus de bhun an leasaithe ar theastais

bhreithe an dá pháiste eile ag an achomharcóir, thoiligh sé glacadh le freagracht as gach duine den triúr páistí. Léirigh an t-achomharcóir gur theastaigh uaithi go mbeadh an sloinne céanna ag gach páiste dá cuid.

Ba é an tátal a bhain an tOifigeach Achomharc as ar bhonn na fianaise os a chomhair go raibh an t-achomharcóir in aontíos le linn na tréimhse faoi athbhreithniú.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc.

Forlíonadh Cíosa

An tSaincheist: Cibé ar fhág an t-achomharcóir tithíocht a sholáthair an t-údarás áitiúil gan chúis cóir.

Cúlra: Chónaigh an t-achomharcóir in eastát tithíochta údaráis áitiúil a ghlac cumann áitiúil tithíochta freagracht as. I ngeall ar staid mhíochaine, ní raibh ar a cumas dul suas staighre an tí agus ba é a thuig sí ná go raibh deontas ceadaithe ag an údarás áitiúil le haghaidh seomra folctha a shuiteáil thíos staighre, roimh don chumann tithíochta freagracht a ghlacadh as an eastát. Tháinig sé chun solais, más ea, go raibh i gceist ag an gcumann tithíochta feabhsuithe ar mhórchóir a dhéanamh ar an eastát ar fad, a d'fhéadfadh suas le dhá bhliain a thógáil le cur i gcrích, agus thug siad le fios nár ceadaíodh aon deontas maidir le teach an achomharcóra. Bhí an cumann tithíochta meabhrach ar staid mhíochaine an achomharcóra agus d'fhéach siad le cabhrú léi cóiríocht eile a fháil. Dá bharr sin, d'aistrigh sí go cóiríocht phríobháideach ar cíos ar an tuiscint go n-íocfaí an cíos ar a son. Dícheadaíodh a héileamh ar fhorlíonadh cíosa ina dhiaidh sin ar na forais gur fhág sí a cóiríocht údaráis áitiúil gan chúis cóir.

Éisteacht ó bhéal: Bhí an t-achomharcóir i láthair i gcuideachta a hiníne. Bhí beirt ionadaithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ionadaí ón gcumann tithíochta i láthair chomh maith. Dheimhnigh ionadaí an chumainn tithíochta an cás mar a rinneadh cur síos air thuas agus léirigh gur fhéach siad le cabhrú leis an achomharcóir cóiríocht eile a fháil ag smaoineamh ar an fad a thógfadh sé na mórfheabhsuithe a bhí beartaithe don eastát tithíochta a chur i gcrích. Bhí easaontas idir an t-achomharcóir agus an cumann tithíochta mar gheall ar an gcomhairle a tugadh di. Dúirt sí gur dhúirt ball foirne den chumann tithíochta léi go n-íocfaí an cíos ar a son ach léirigh an t-ionadaí ón gcumann tithíochta gur cuireadh comhairle uirthi nár chinnte ar chor ar bith a teidlíocht ar fhorlíonadh cíosa agus gur cheart di é sin a chur san áireamh roimh aistriú go cóiríocht phríobháideach ar cíos.

D'áitigh an t-ionadaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur cheist don chumann tithíochta go príomha riachtanais tithíochta an achomharcóra agus go raibh sé neamhchoitianta i gcásanna dá leithéid go n-aistreodh páirtí chuig cóiríocht phríobháideach ar cíos agus go lorgófaí forlíonadh cíosa ina dhiaidh sin. An gnáthnós imeachta ná go socródh an t-údarás áitiúil go ndéanfaí an obair athchóirithe leis an íosmhéid de chur isteach ar an tionónta. Ar chaoi ar bith, níor cheart go mbeadh sé riachtanach teach a fhágáil ar feadh dhá bhliain le seomra folctha a shuiteáil thíos staighre. Pléadh roghanna éagsúla tithíochta le linn na héisteachta ó bhéal ach níor léir go mbeadh aon cheann díobh ina réiteach láithreach ar fhadhb tithíochta an achomharcóra.

Léirigh an t-achomharcóir go raibh fógra faighte aici a cóiríocht phríobháideach ar cíos a fhágáil i ngeall ar riaráiste cíosa a charn le linn na tréimhse i gceist. Dúirt sí nár theastaigh uaithi riamh a teach údaráis áitiúil a fhágáil agus go raibh sí anois i gcruachás.

Breithniú an Oifigigh Achomharc: Bhí an tOifigeach Achomharc sásta gur theip ar teach údaráis áitiúil an achomharcóra freastal dá riachtanais tithíochta. Bhí curtha in iúl ag ionadaí an chumainn tithíochta gur aithníodh an t-achomharcóir mar dhuine a bhí i dteach nár fhreastail dá riachtanais nuair a bhí úinéireacht agus bainistíocht an eastáit á nglacadh acu. Ina theannta sin, níor agóid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go raibh tithíocht an achomharcóra neamhdhóthanach ach d'áitigh siad gur ar an gcumann tithíochta a bhí an fhreagracht maidir le riachtanais tithíochta an achomharcóra. Bhreithnigh an tOifigeach Achomharc chomh maith nádúr na hagóide a bhí tar éis titim amach maidir leis an gcomhairle a tugadh don achomharcóir, roimh di aistriú go cóiríocht phríobháideach ar cíos agus cúnamh a iarraidh leis an gcíos trí bhíthin forlíonadh cíosa. Bhí sí anois sa riocht go bhféadfadh go mbeadh uirthi fanacht dhá bhliain sul má d'fhéadfadh sí filleadh ar a teach údaráis áitiúil.

D'fhéach an tOifigeach Achomharc don reachtaíocht lena mbaineann a fhorálann go bhféadfadh forlíonadh cíosa a bheith iníoctha má tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sásta go raibh cúis chóir ag an éilitheoir cóiríocht a sholáthair údarás áitiúil a fhágáil. I bhfianaise imthosca an cháis agus na fianaise a bhí os a chomhair, bhain sé an tátal as go raibh cúis chóir ag an achomharcóir a cóiríocht údaráis áitiúil a fhágáil.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Liúntas Míchumais

An tSaincheist: Cibé ar chóir éileamh an achomharcóra ar liúntas míchumais a shiardhátú seacht mbliana go dtí dáta a séú lá breithe déag nuair a tháinig deireadh lena teidlíocht ar liúntas cúraim bhaile.

Cúlra: D'éiligh an t-achomharcóir liúntas míchumais nuair a bhí sí 23 bliain d'aois tar éis a bheith ag fáil liúntas cúraim tí suas go 16 bliain d'aois. Thagair sí do leabhrán eolais na Roinne a deir go gcuirfear scéala chuig éilitheoirí atá ag fáil liúntas cúraim bhaile sul má shroicheann siad 16 bliain maidir lena gceart ar liúntas míchumais a éileamh. Mhaígh an t-achomharcóir nach bhfuair sí féin ná a máthair aon scéala mar é.

Mheas an t-oifigeach cinntithe nár dhóthanach na forais chun tacú le siardhátú éileamh an achomharcóra níos faide ná sé mhí ach bhí sé sásta é a shiardhátú sé mhí mar a fhoráltar dó sa reachtaíocht lena mbaineann. Nótáil an t-oifigeach achomharc, más ea, go raibh an t-achomharcóir fostaithe ar feadh cúig mhí den sé mhí sa tréimhse shiardhátaithe agus go raibh a teacht isteach seachtainiúil sa tréimhse sin níos airde ná an teorainn maidir le liúntas míchumais. Dá bharr sin, bronnadh an t-uasráta liúntais mhíchumais ar an achomharcóir ón dáta ar éirigh sí as an bhfostaíocht. D'achomhairc sí in aghaidh an chinnidh sin agus d'iarr go ndéanfaí a héileamh a shiardhátú seacht mbliana chuig a séú lá breithe déag.

Éisteacht ó bhéal: Bhí an t-achomharcóir i láthair i gcuideachta a máthar agus a dlíodóra ag éisteacht bhéil an achomhairc. Bhí an t-oifigeach cinntithe i láthair chomh maith.

Thug an t-oifigeach cinntithe srac-chuntas ar nós imeachta na Roinne i gcásanna mar a bhfuil íoc an liúntais chúraim bhaile dlite le teacht chun críche agus mar a bhféadfadh go bhfuil teidlíocht ar liúntas míchumais. Tá cúram ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) as íoc an liúntais chúraim bhaile agus soláthraíonn sí don Roinn tuairim is ceithre huair sa bhliain liostaí mionsonraithe de na faighteoirí ar fad atá ag druidim le sé bliana déag d'aois. Eisíonn an Roinn na foirmeacha iarratais lena mbaineann tríd an bpost don uile dhuine atá liostaithe. Níorbh fhéidir a dheimhniú gur eisíodh foirmeacha don achomharcóir óir ní choimeádann an Roinn na liostaí níos faide ná cúig bliana. Dúirt an t-oifigeach cinntithe go n-iarrfadh sé ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cibé an mbeadh taifead aici den achomharcóir mar dhuine a bhí ar an liosta a cuireadh chuig an Roinn.

Dúirt máthair an achomharcóra, mar fhreagra ar cheist an Oifigigh Achomharc, nár fhiosraigh sí an mbeadh aon teidlíocht eile ag a hiníon nuair a tháinig deireadh le híoc an liúntais chúraim bhaile ó ghlac sí leis nach raibh an liúntas iníoctha ach suas go haois áirithe, agus ar chaoi ar bith, ní raibh cur amach aici ar an gcóras leasa shóisialaigh. Dúirt an t-achomharcóir go mba scoláire coláiste í agus nár ghnách di dul i mbun oibre fad a bhí sí ina scoláire toisc nach raibh an fuinneamh aici chuici. Dúirt sí gur chuir sí eolas ar an liúntas míchumais fad a bhí sí ar chlár thaithí oibre. Bhí sí as láthair ón obair de dheasca breoiteachta ar roinnt ócáidí agus d'iarr sí eolas ar an oifig áitiúil leasa shóisialaigh ar a teidlíochtaí. Comhairlíodh di éileamh a dhéanamh ar liúntas míchumais, rud a rinne sí ina dhiaidh sin.

D'áitigh dlíodóir an achomharcóra go raibh ualach ar an Roinn a iarraidh ar an achomharcóir liúntas míchumais a éileamh ag smaoineamh go raibh soláthar sa nós imeachta i bhfeidhm go n-iarrfaí uirthi go huathoibríoch é sin a dhéanamh. Taispeánadh don dlíodóir go bhféadfaí tuiscint a bhaint as gur chuid den tseirbhís do chustaiméirí a sholáthair an Roinn maidir le daoine a bhí ag bogadh idir scéimeanna a bhí sa chuireadh uathoibríoch éileamh a dhéanamh agus nach raibh ann ach sin. Bhraith an dlíodóir, más ea, go raibh níos mó ná seirbhís do chustaiméirí i gceist sna nósanna imeachta i bhfeidhm.

Dhírigh dlíodóir an achomharcóra ansin ar na ceithre chritéar, mar a fhoráltar dóibh sna rialacháin lena mbaineann, faoinar ceadmhach éileamh a shiardhátú níos faide ná sé mhí. Ní raibh áiteamh á dhéanamh maidir le dhá cheann díobh sin .i. an mhoill ar éileamh a dhéanamh a bheith curtha síos don éilitheoir a bhí chomh mór sin faoi mhíchumas nach raibh ar a cumas éileamh a dhéanamh agus í a bheith i gcruachás airgeadais. D'áitigh an dlíodóir, más ea, ábharthacht na moille in éileamh a dhéanamh i ngeall ar eolas míchruinn a thug oifigeach de chuid an Aire ó d'fhéadfaí amharc ar an easpa eolais a tugadh don achomharcóir mar rud ab ionann le heolas mícheart. D'áitigh an dlíodóir ina theannta sin go raibh baint ag critéir "force majeure" (.i. rud éigin a chuireann bac fisiceach ar dhuine éileamh a dhéanamh) ar na forais gur chuir cliseadh an chórais faoinar mainníodh scéala a chur chuig an achomharcóir mar gheall ar liúntas míchumais a éileamh cosc éifeachtach léi ó éileamh a dhéanamh ag an am ceart.

I ndiaidh a thuilleadh ceistithe mar gheall ar cheist shiardhátú éileamh an achomarcóra sé mhí tráth an éilithe, d'aontaigh an t-oifigeach cinntithe nach raibh aon chúis nach bhféadfaí é a shíordhátú sé mhí.

Breithniú an Oifigigh Achomharc: Thuairiscigh an t-oifigeach cinntithe ina dhiaidh sin don Oifigeach Achomharc gur bunaíodh, i ndiaidh teagmhála le

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar a aontaíodh ag an éisteacht ó bhéal, nach raibh aon taifead ar comhad ag an FSS maidir leis an achomharcóir. Rinne an tOifigeach Achomharc a thuilleadh fiosruithe de FSS agus dúradh leis gurb é a chleachtas scríobh chuig daoine roinnt míonna roimh dá dteidlíocht ar liúntas cúraim bhaile a theacht chun críche, á gcur ar an eolas mar gheall ar an scéim an liúntais mhíchumais agus ar na coinníollacha maidir lena fháil. Scríobh an tOifigeach Achomharc ansin chuig dlíodóir an achomharcóra ag fiafraí ar chuimhin leis an achomharcóir nó lena máthair cumarsáid dá leithéid a fháil ó FSS. D'fhreagair an dlíodóir nach bhfuarthas aon chumarsáid dá leithéid. I bhfianaise na fianaise a tugadh ar an bpointe sin agus d'ainneoin nach raibh aon chuimhne ag an achomharcóir ar scéala a fháil ó FSS agus nach raibh aon taifead ag FSS gur chuir siad scéala chuig an achomharcóir, bhí an tOifigeach Achomharc sásta go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm sa ghnáthchúrsa chun scéala a chur chuig daoine in imthosca mar sin. Bhí sé den tuairim, cé go ndeir litríocht eolais na Roinne go dtabharfar cuireadh go huathoibríoch d'fhaighteoirí an liúntais chúraim bhaile an liúntas míchumais a éileamh chomh luath agus a shroicheann siad 16 bliain d'aois, nach raibh aon teidlíocht uathoibríoch, i ndáiríre, ar liúntas míchumais d'fhaighteoirí mar iad mar ba scéim dhifriúil í a raibh coinníollacha dá cuid féin aici le comhlíonadh. Bhraith sé gur cuid de dhea-sheirbhís na Roinne do chustaiméirí é féachaint le leanúnachas na híocaíochta a choimeád in imthosca mar seo.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomharc ansin na hargóintí a cuireadh chun cinn chun an t-éileamh a shiardhátú níos faide ná sé mhí. Maidir leis na critéir le haghaidh eolas mícheart, níor ghlac sé leis gurb ionann gan aon eolas a thabhairt agus eolas mícheart a thabhairt. D'fhéadfadh sé tarlú i gcás eolas mícheart a sholáthar nach n-éileodh duine teidlíocht. Lena chois sin, úsáideann an Roinn modhanna éagsúla chun eolas ar theidlíochtaí a scaipeadh ar an bpobal, amhail leabhráin eolais, bileoga, oifigigh infhaighteacht eolais, feachtais fógraíochta, láithreán gréasáin srl.. Bhraith sé go raibh an teacht chéanna ag an achomharcóir ar eolas ginearálta mar gheall ar an liúntas míchumais agus a bhí ag aon duine eile os cionn 16 bliain d'aois. Maidir leis an bhforáil "force majeure", bhí sé den tuairim go raibh áitiú an dlíodóra ag iarraidh ciall neamhdhlisteanach a bhaint as an an bhforáil sin. Cé go raibh sé soiléir nár tugadh cuireadh don achomharcóir éileamh a dhéanamh, níor coisceadh í ó éileamh a dhéanamh sa mhéid go raibh sé oscailte di ag an uair sin éileamh a dhéanamh ar an gcaoi chéanna le haon duine eile os cionn 16 bliain d'aois a mheas go mb'fhéidir go raibh teidlíocht acu ar liúntas míchumais.

Tar éis an fhianaise ar fad a bhreithniú, lena n-áirítear an fhianaise a cuireadh ar aghaidh ag agus i ndiaidh na héisteachta ó bhéal, chinn an Oifigeach Achomharc nár chomhlíon an t-achomharcóir na critéir, mar a fhoráiltear dóibh sa reachtaíocht, le haghaidh siardhátú a héileamh níos faide ná sé mhí.

Toradh: Dícheadaíodh an t-achomharc maidir le siardhátú níos faide ná sé mhí ach ceadaíodh é maidir le siardhátú sé mhí faoi réir tástáil acmhainne don tréimhse sin.

Cairt Eagraíochta na hOifige Achomharc Leasa Shóisialaigh ar 31 Nollaig 2007